

1. Réamhrá

1.1 Réamhrá

Sheol Comhairle Chontae na Gaillimhe thar a ceann féin agus thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe de bhun Chomhaontú Alt 85¹ iarratas isteach ar fhorghrú faoi Alt 51 d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) (“iarratas Alt 51”) maidir le Cuairbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe timpeall ar Chathair na Gaillimhe, dá dtagraítear ina dhiaidh seo mar an N6 GCRR chuig an mBord Pleanála (ABP) an 23 Deireadh Fómhair 2018. Áiríodh Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT 2018) inn Iarratas Alt 51, Tuarascáil Scagtha MC agus Ráiteas Tionchair Natura (NIS 2018) i measc doiciméadacht eile arna cur isteach chuig ABP an tráth sin. An tráth sin freisin, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe Scéim Bóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 agus Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 a seoladh isteach chuig ABP freisin lena gceadú faoi Alt 49 d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú).

An 4 Aibreán 2019, d'iarr ABP faisnéis bhreise maidir leis an N6 GCRR beartaithe a bhain leis an iarratas ar fhorghrú lena n-áirítear líníochtaí mionsonraithe agus de réir scála de na príomhstruchtúir; cóip den Tuarascáil ar Bhealach a Roghnú; sonraí maidir le samplaí fára (sonraí Reléve) le tacú le léarscáiliú gnáthóige sa limistéar staidéir; soiléiriú ar mhéideanna roinnt gnáthóg; soiléiriú maidir le codanna áirithe den Ráiteas Tionchair Natura, measúnacht ghairid “i gcomhar” ina mbreithnítear gach plean agus tionscadal le chéile, seachas idir péirí leis an N6 GCRR beartaithe, sa Ráiteas Tionchair Natura; ceisteanna maidir le héin, ialtóga agus saincheisteanna éiceolaíochta eile; údar maidir le 2012 a úsáid mar bhonnbhliain don mheasúnacht tráchtá agus na cásanna fáis a úsáideadh don trácht; agus soiléiriú maidir leis na tagairtí sa TMTT. Cuireadh Freagra mionsonraithe ar an iarratas seo ar fhaisnéis bhreise chuig ABP i Lúnasa 2019². Cuireadh an t-ábhar Freagra ar taispeáint go poiblí freisin, áiríodh fógraí san Irish Independent, Tribune agus sa Galway Advertiser, mar aon le litreacha a seoladh chuig gach páirtí san áireamh sa Scéim Bóthair Chosanta agus na Scéim Mhótarbhealaigh agus comhairlithe reachtúla ag tabhairt cuireadh dóibh agus don phobal aighneachtaí a dhéanamh.

Cuireadh tús le héisteacht ó bhéal ar an 18 Feabhra 2020 agus cuireadh ar fionraí í ar an 11 Márta 2020 de bharr Covid-19. Ationóladh arís é ar an 12 Deireadh Fómhair 2020 agus cuireadh críoch léi ar an 4 Samhain 2020. Mar fhreagairt ar cheisteanna a rinne na cigirí a cheap an Bord Pleanála, comhairlithe reachtúla agus baill den phobal a bhí i láthair le linn na héisteachta ó bhéal seo a tharraingt anuas, ullmhaíodh tuarascálacha forlíontacha éagsúla agus cuireadh faisnéis ar fáil, agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála iad³.

Dheonaigh ABP formheas faoi Alt 51 d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) maidir leis an N6 GCRR beartaithe agus formheas faoi Alt 49 d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú) maidir le Scéim Bóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe agus Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe an 6 Nollaig 2021 (le coinníollacha agus mionathruithe)⁴.

Tugadh dúshlán san Ard-Chúirt ar na formheasa sin trí Athbhreithniú Breithiúnach agus thoiligh ABP d'ordú a chuir na formheasa sin ar neamhní ar fhorais theoranta agus tharchuir an Ard-Chúirt na hiarratais ar fhorghrú an N6 GCRR beartaithe ar ais chuig ABP an 30 Eanáir 2023. Chuige sin, luadh in orduithe na hArd-Chúirte go dtarchuirfí na hiarratais ar fhorghrú chuig pointe críochnaithe Thuarascáil Cigirí ABP.

¹ Rinneadh Comhaontú Alt 85 faoi fhorálacha Alt 85 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 idir Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus cheadaigh Bonneagar Iompair Éireann é de bhun Alt 14 d'Acht na mBóithre, 1993, arna leasú.

² <http://n6galwaycityringroad.ie/Response/>.

³ <http://n6galwaycityringroad.ie/>

⁴ <https://www.pleanala.ie/en-ie/case/302848> agus <https://www.pleanala.ie/en-ie/case/302885>

“Ordú lena dtarchuirtear an t-iarratas sin ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe faoi alt 51 d’Acht na mBóithre, 1993 arna leasú agus na hiarratais sin ar fhormheas faoi alt 49 d’Acht na mBóithre, 1993 arna leasú maidir le scéim mhótarbhealaigh agus scéim cosanta bóthair dar teideal “Scéim Mhótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 agus Scéim Bóthair Cosanta 2018” chuig an gCéad Fhreagróir Ainmnithe le breithniú i gcomhréir leis an dlí agus beidh feidhm ag tarchur den sórt sin ón bpointe ama díreach tar éis Tuarascáil an Chigire a chur isteach (ar a bhfuil an tagairt “ABP-302885-18 & ABP-302848-18” agus arna dhátú an 22 Meitheamh 2021) chuig an mBord”⁵

An 7 Nollaig 2023, d’iarr ABP faisnéis bhreise (RFI) (Tag.: ABP-318220-23⁶) ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe i dtaca leis an iarratas maidir le formheas an N6 GCRR beartaithe mar seo a leanas:

- *Agus aird chuí ar an imeacht ama ó taisceadh na hiarratais agus ó rinne an Bord na cinntí, tugtar cuireadh duit an t-iarratas um scéim mhótarbhealaigh agus an fhorbairt bóthair beartaithe a thabhairt cothrom le dáta*
- *Déan aighneachtaí i ndáil leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide is déanaí agus impleachtaí Phlean Forbartha nua Chathair na Gaillimhe*
- *Tabhair an Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta cothrom le dáta*
- *Tabhair an doiciméad scaghtástála iomchuí agus an Ráiteas Tionchair Natura cothrom le dáta lena n-áirítear cuspóirí caomhnaithe láithreáin nuashonraithe*

Ullmhaíodh an TMTT nuashonraithe seo mar fhreagairt ar mhír 3 san iarraidh thuas ar fhaisnéis bhreise agus sainmhínítear é i dtreoirilínte EPA 2022 *“tuarascáil faoin tionchar, más ann dó, a bheadh ag an bhforbairt a bheartaítear, dá dtabharfaí fúithi, ar an gcomhshaol agus áireofar leis an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn IV de Threoir na Measúnachta Tionchair Timpeallachta”*. Sonraítear san EIAR nuashonraithe freisin na roghanna réasúnta eile a breithníodh, breithníodh na héifeachtaí bearta maolaithe agus seachanta suntasacha dóchúla, agus rinneadh iad a mheas chun drochéifeachtaí suntasacha a laghdú, rinneadh measúnú ar thionchair iarmharacha agus measúnacht tionchair charnagh ar an Tionscadal le tionscadail reatha agus fhormheasta chomh maith le pleananna agus tionscadail bheartaithe agus gheallta, i gcás inar iomchuí.

Tá an t-ábhar uile a cuireadh faoi bhráid ABP mar fhreagairt ar an iarratas thuas ar fáil mar **Freagra IFB 2025**. Tá sé seo scoilte ina seacht gcuid mar seo a leanas:

- Cuid I – Tuarascáil Fhreagra IFB 2025 (féach an tuairisc thíos)
- Cuid II – Scéim Mótarbhealaí 2018 Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe Nuashonraithe
- Cuid III – Scéim Bóthair Chosanta 2018 Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe Nuashonraithe
- Cuid IV – Oibleagáidí faoi Alt 15 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015 (arna leasú) agus aighneachtaí maidir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024
- Cuid V – Impleachtaí an Phlean Forbartha nua do Chathair na Gaillimhe
- Cuid VI – An Tuarascáil Nuashonraithe ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta seo

Cuid VII – Soláthar Faisnéise Maidir le Tuarascáil Scagtha le Haghaidh Measúnacht Chuí agus Ráiteas Tionchair Natura Nuashonraithe Chun cabhrú le tuiscint ar na hathruithe agus ar impleachtaí na n-athruithe sa TMTT nuashonraithe seo, tuarascáil is ea an chéad chuid, i.e. Cuid I, sa tsraith doiciméad i bhFreagra IFB 2025 seo dar teideal **Tuarascáil Fhreagra IFB 2025**, agus áirítear ann, ach níl sé teoranta dó, forbhreathnú ar na hathruithe arna gcur i láthair sa TMTT nuashonraithe seo. Minítear i ngach caibidil ina dhiaidh sin den TMTT nuashonraithe cá háit agus cén fáth a ndearnadh athruithe.

⁵ <https://www.n6galwaycityringroad.ie/sites/default/files/media/Order%20-%20Friends%20of%20the%20Irish%20Environment%20JR.pdf>

⁶ Tugtar faoi deara gur nuashonraigh ABP na huimhreacha tagartha don iarratas in 2018, ABP-302848 agus ABP-302885 ó shin chuig HA07.318220 agus MA07.318217 faoi seach

Sa chaibidil seo, ar nuashonrú í ar Chaibidil 1 den TMTT:

- Déantar sainmhíniú ar an N6 GCRR atá beartaithe, ábhar Iarratas Alt 51
- Déantar sainmhíniú ar an Tionscadal, arb é atá ann mar a mhínítear thíos, an méid a ndéantar measúnú air chun críocha MTT agus MC
- Leagtar amach na mionathruithe arna ndéanamh leis an N6 GCRR atá beartaithe ó TMTT 2018
- Déantar achoimre ar Scagadh MTT agus Scópáil neamhreachtuil ar tugadh fúthu
- Leagtar amach ann ábhar an TMTT nuashonraithe lena n-áirítear sonraí ar na saineolaithe inniúla a bhí páirteach sa TMTT nuashonraithe a ullmhú
- Tugtar breac-chuntas ar an gcúlra leis an N6 GCRR atá beartaithe
- Tugtar tuairisc ar an modheolaíocht a úsáideadh chun an TMTT nuashonraithe seo a ullmhú
- Leagtar amach ann an próiseas comhairliúcháin atá curtha i gcrích go dtí seo

1.1.1 Forbhreathnú ar an N6 GCRR atá Beartaithe agus Sainmhíniú ar an Tionscadal chun críocha MTT agus MC

Tá an N6 GCRR atá beartaithe, ábhar Iarratas Alt 51, comhdhéanta de thart ar 5.6km de charrbhealach singil a thógáil ó iarthar Bhearna chomh fada le Bóthar Bhaile an Mhóinín agus thart ar 11.9km de dhébhealach ó Bhóthar Bhaile an Mhóinín chuig an gceangal thoir leis an N6 atá ann cheana féin i gCúil Each, Cnoc Maoil Drise, agus bóithre ceangail, taobh-bhóithre, acomhail, struchtúir agus oibreacha áitiúla gaolmhara do na líonraí dáileacháin agus tarchuir leictreachais reatha (go sonrach iad sin atá comhdhéanta den atreorú ar na seirbhísí 110kV agus 38kV) mar a léirítear ar Fhíoracha 5.1.01 go 5.1.15 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo. Is bóthar cosanta é an chuid den N6 GCRR atá beartaithe ón gceangal le Bóthar an Chósta an R336 ó Acomhal Leitrí⁷ an N59 agus is mótarbhealach é an chuid ón acomhal seo chuig an gceangal leis an N6 mar atá ann faoi láthair i gCúil Each, Cnoc Maoil Drise.

Chun feidhm Ráschúrsa na Gaillimhe a chinntiú le linn thógáil agus oibríocht an N6 GCRR atá beartaithe, tá sé riachtanach stáblai sealadacha agus buana araon (agus forbairt lena mbaineann) a thógáil ag an ráschúrsa. Chuige seo, rinne Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe iarratas ar chead pleanála maidir leis na stáblai sealadacha agus buana sin agus an fhorbairt lena mbaineann, agus thug Comhairle Cathrach na Gaillimhe an cead pleanála an 2 Nollaig 2024.

Déanfar na stáblai atá ann cheana féin sa ráschúrsa a scartáil mar chuid de thógáil an N6 GCRR atá beartaithe. Mar a leagtar amach san iarratas ar chead pleanála a rinne Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (Tagairt 24/60279) agus mar a leagtar amach i ndeónú an cheada sin, ní chuirfear i bhfeidhm é ach amháin má cheadaítear an Bord Pleanála an N6 GCRR atá beartaithe agus má théann sé ar aghaidh. Ar an mbonn céanna, ní féidir na stáblai buana a thógáil go dtí go mbeidh tógáil agus aistriú an N6 GCRR oibríochtúil curtha i gcrích. Dá thoradh seo, is gá stáblai sealadacha a chur ar fáil le haghaidh oibríocht leanúnach an ráschúrsa le linn a scartáil na stáblai atá ann cheana féin agus stáblai buana nua ionaid do bheith á gcoimisiúnú. Dá bhrí sin, tá gá leis na stáblai sealadacha seo a bheith ag feidhmiú go hiomlán sula gcuirfear tús le scartáil na stáblai atá ann cheana féin. Dá bhrí sin, cé go bhfuil an N6 GCRR atá beartaithe, ábhar Iarratas Alt 51 ar leithligh ón gceann a bhaineann leis an bhforbairt beartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe, tá sé idirnasctha agus cónasctha leis freisin.

Dá bhrí sin, is gá chun críocha Measúnachta Tionchair Timpeallachta (MTT) agus Measúnachta Cuí (MC) measúnú a dhéanamh ar an meascán den N6 GCRR atá beartaithe agus an fhorbairt atá beartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe araon, dá dtagraítear chun críocha MTT agus MC mar an “Tionscadal” agus gur breithníodh agus gur measadh sa TMTT nuashonraithe seo agus i dTuarascáil Scagtha na Measúnachta Cuí agus an NIS nuashonraithe. Dá bhrí sin, tagraíonn an téarma Tionscadal, nuair a úsáidtear é tríd síos an

⁷ Ciallaíonn bóthar cosanta bóthar poiblí nó bóthar beartaithe atá poiblí agus atá sonraithe le bheith ina bhóthar cosanta i scéim um bóithre cosanta arna fhaomhadh ag an mBord Pleanála. Féadfar foráil a dhéanamh i scéim um bóithre cosanta arna fhaomhadh ag an mBord Pleanála um thoirmeasc, dhúnadh, athrú, atreorú nó srianadh aon rochtana sonraithe nó gach bealach díreach rochtana ar an mbóthar cosanta ón talamh sonraithe arna húsáid um chuspóir sonraithe nó chuig an talamh sin ón mbóthar cosanta.

TMTT nuashonraithe seo, don N6 GCRR atá beartaithe agus don fhorbairt atá beartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe araon.

Tagraíonn an téarma Teorainn na Measúnachta, nuair a úsáidtear é tríd síos an TMTT nuashonraithe seo do thailte a theastaíonn chun an N6 GCRR atá beartaithe a thógáil agus/nó a oibriú chomh maith le méideanna na dtailte a áirítear laistigh den teorainn phleanála don fhorbairt atá beartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe.

Tá tuairisc iomlán ar an N6 GCRR atá beartaithe agus ar an Tionscadal (dá bhfuil an N6 GCRR atá beartaithe ina chuid rithábachtach) chun críocha MTT agus MC, le fáil i gCaibidil 5, Cur síos ar an Tionscadal. Tá plean suímh don N6 GCRR atá beartaithe curtha i láthair i bhFíor 1.1.

Leagtar amach na mionathruithe/athruithe a rinneadh ó TMTT 2018 sa chaibidil nuashonraithe seo i gCuid 1.1.3.

1.1.2 Straitéis Iompair na Gaillimhe agus an N6 GCRR atá Beartaithe

Tá an N6 GCRR atá beartaithe ina chuid de ‘Straitéis Iompair na Gaillimhe’ (SIG), agus tá sé sainaitheanta mar thionscadal laistigh di. D’ullmhaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe Straitéis Iompair na Gaillimhe, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA). Tá Straitéis Iompair na Gaillimhe bunaithe ar mheasúnú chuimsitheach ar shaincheisteanna iompair atá le sárú ag Cathair na Gaillimhe agus ag an gceantar máguaird agus ar an ngá atá le réiteach iompair comhtháite inbhuanaithe a fhorbairt chun freastal ar éileamh taistil atá ann anois agus a bheidh ann amach anseo agus ar an tslí sin éascófar fás na Gaillimhe “*ar bhealach comhtháite, inbhuanaithe lena ndéanfar infheistíocht iompair a ailíniú le patrúin lonnaithe, gluaiseachtaí taistil agus lena dtacófar le húsáid inbhuanaithe na talún*” (Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023). Cé gur tharla athruithe reachtacha suntasacha a threoraigh Plean Forbartha nua Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, léirítear é sin sa Phlean nua thíos:

Atreisiúnn Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 gurb é an SIG “*an plean iompair a bhfuil sé mar aidhm leis cur chuige níos inbhuanaithe a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais iompair amach anseo agus atá mar bhuntaca le fás na cathrach sa todhchaí. Tacaíonn an cur chuige beartais sa phlean seo na bearta sa SIG agus áirítear ann cur chuige chun naisc idir úsáid talún agus pleanáil iompair a neartú. Dirítear ann freisin ar spleáchas cairr a laghdú agus tacaítear le haistriú i dtreo úsáid mhéadaithe as modhanna gníomhacha agus iompar poiblí níos inbhuanaithe. Chuige sin, beidh gá le hinfeistíocht a dhéanamh i siúl agus rothaíocht, córas iompair phoiblí níos inrochtana arna thacú ag bonneagar le hastaíochtaí íseal, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin iompair sa chathair agus teacht le beartais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Cuirfear chun cinn saoráidí siúil agus rothaíochta breisithe trí thréscailteacht níos mó agus líonraí méadaithe, ag déanamh roghanna taistil níos mealltaí, inrochtana, sábháilte, agus sláintiúla as na modhanna taistil seo. Beidh cumas suntasach ag an aistriú chuig úsáid na modhanna gníomhacha seo agus iompar poiblí freisin chun cáilíocht aeir, an comhshaol uirbeach, feidhmiú eacnamaíoch na cathrach agus cáilíocht fhoriomlán an tsaoil sa chathair a fheabhsú.*”

Luaitear freisin i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 go bhfuil “*Tionscadail infheistíochta thar shaolré an phlean i gcomhréir le dea-phrionsabail phleanála agus ailínithe leis an straitéis lonnaithe agus forbartha don chathair.*”

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag cur SIG i bhfeidhm faoi láthair, ó thaobh na gcuspóirí beartais atá bunaithe agus ó thaobh seachadadh na dtionscadal iompair a aithnítear laistigh den straitéis araon. Tá tuilleadh mionsonraí maidir le SIG ar fáil ar shuíomh idirlín Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ag an nasc thíos:

<https://www.galwaycity.ie/galway-transport-strategy>

1.1.3 Mionathruithe leis an N6 GCRR atá beartaithe ó 2018

De bhreis ar Iarratas Alt 51 a chur isteach in 2018 agus an freagra ina dhiaidh sin ar an Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise in 2019, cuireadh mionathruithe áirithe agus a measúnachtaí comhshaoil lena mbaineann i láthair ar an N6 GCRR atá beartaithe ag tús na héisteachta ó bhéal roimh an mBord Pleanála i mí Feabhra 2020, is iad sin:

- Athruithe ar an maolú atá beartaithe do Champas Spóirt Ollscoil na Gaillimhe (OÉG roimhe seo)

- Ailíniú eile leis an gcuid theas de Bhóthar Ceangail na Páirce Móire trí champas Boston Scientific

Beartaíodh tuilleadh mionathraithe ar an N6 GCRR atá beartaithe le linn na héisteachta ó bhéal agus cuireadh i láthair iad ar shraith líníochtaí a áiríodh i Sceideal na dTiomantas ar an 4 Samhain 2020⁸. Áiríodh an tsraith líníochtaí sin ó thús in Aguisín A.9.1 de IFB 2019 agus tugadh cothrom le dáta iad le linn na héisteachta ó bhéal. Léirítear an leagan deiridh de na líníochtaí seo mar Fhíoracha 5.6.01 go 5.6.30 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo. Seo a leanas na hathruithe a comhaontaíodh le linn na héisteachta ó bhéal:

- Rochtain bhreise ar roinnt tailte do réadmhaoín 106 atá beartaithe ó Bhóthar Rochtana AR 0/02 mar a léirítear i bhFíor 5.6.01 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo
- Leasaíodh Bóthar Rochtana AR 1/01 chun rochtain a éascú ar réadmhaoine 131 agus 7891 mar a comhaontaíodh leis na húinéirí réadmhaoine sin agus mar a léirítear i bhFíor 5.6.02 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo
- Cuireadh síneadh breise siar le Bóthar Rochtana AR 7/04 chun rochtain a thabhairt ar thailte arna roinnt ag sruthán a léirítear i bhFíor 5.6.10 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo
- Nasc idir Bóthar Rochtana 13/06 agus Bóthar Thuama an N83 do choisithe a léirítear i bhFíor 5.6.18 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo
- Athruithe le sonraí teorann úinéireachta talún agus/nó achair réadmhaoine a léirítear sna mionathruithe atá beartaithe leis an Scéim Mhótarbhealaigh agus Scéim an Bhóthair Chosanta agus Fíoracha 5.6.01 go 5.6.30 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo
- Athraíodh roinnt gabháil talún bhuan chuig gabháil shealadach a léirítear sna mionathruithe atá beartaithe leis an Scéim Mhótarbhealaigh agus Scéim an Bhóthair Chosanta agus Fíoracha 5.6.01 go 5.6.30 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo
- Baineadh roinnt talamh a beartaíodh a éadail a léirítear i mionathruithe beartaithe leis an Scéim Mótarbhealaigh (Cuid II) agus an Scéim Bóthair Chosanta (Cuid III) den Fhreagra IFB 2025 seo
- Cuireadh cosáin rothaíochta agus siúil bhreise leis ag Gort na Bró mar a leagadh amach i Líníocht GCRR-SK-OH-054 i Sceideal na dTiomantas an 4 Samhain 2020⁸. Léirítear é sin sa tsraith líníochtaí nuashonraithe ina dtaispeántar Áiseanna Cosán agus Rothaíochta i bhFíoracha 5.7.12 go 5.7.13 d'Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo. Is in Aguisín A.1.13 de IFB 2019 a bhí siad i dtosach

Rinneadh mionathrú eile i ndiaidh na héisteachta ó bhéal bunaithe ar chinneadh Ordú Bhord ABP ABP-302885-18:

- Bóthar Rochtana AR 13/02 arna leasú chun an tionchar ar an úinéir talún a íoslaghdú fad is a thugtar rochtain ar an úinéir talún cóngarach mar a léirítear i bhFíor 5.6.17 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo. (Feic Caibidil 5 den TMTT nuashonraithe seo chun sonraí breise a fháil)

Rinneadh mionathrú eile mar thoradh ar an gceadú a dheonaigh an Bord Pleanála le haghaidh forbartha, forbairt mhórsála chónaithe Ghleann Bheatha, ag Gort na Bró, Cnoc na Cathrach, ag tabhairt faoi deara gur cuireadh i gcoinne an cheadaithe ina dhiaidh sin in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh. Áirítear leis an mionathrú seo leataobh busanna ar an taobh ó dheas den bhóthar rochtana AR 06/04 isteach chuig Páirc Mhiondíola na Gaillimhe chun ailíniú leis an leataobh busanna atá beartaithe san fhorbairt LRD, agus tá sé uile féideartha laistigh den fháil talún atá beartaithe laistigh de Scéim Bóthair Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018:

- Bóthar Rochtana AR 06/04 arna leasú chun leataobh busanna a chur leis chun dearadh Fhorbairt Mhórsála Chónaithe (LRD) Ionad Ceantair Chnoc na Cathrach a léiriú ar thug ABP ceadú ina leith, Tagairt ABP-318687-23. Léirítear é sin i bhFíor 5.7.13 in Imleabhar 3 den TMTT seo

⁸ https://www.n6galwaycityringroad.ie/sites/default/files/media/GCRR-4.04-019_002%20Chapter%202021%20SoC_I2_Final%2004112020.pdf

De bhreis air sin, bhí coinníoll i gcinneadh an Bhoird Pleanála maidir le hIarratas Alt 51 don N6 GCRR atá beartaithe an 6 Nollaig 2021, tagairt ABP-302848-18, go bhfágfaí ar lár na stáblaí buana ag Ráschúrsa na Gaillimhe. Dá thoradh sin, phléigh Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe an méid thuas roimhe seo, chun tionchair shuntasacha an N6 GCRR atá beartaithe ar fheidhmiúlacht an ráschúrsa a mhaolú agus chun feidhmiúlacht an ráschúrsa a chinntiú, agus lorg siad cead pleanála ar leithligh maidir leis na stáblaí ionaid sealadacha agus buana, agus an fhorbairt lena mbaineann, agus cheadaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe an t-iarratas sin (Tagairt 24/60279) an 2 Nollaig 2024.

Dheimhnigh Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe nach gcuirfear iarratas pleanála ar leithligh i bhfeidhm ach amháin má fhaigheann forbairt an N6 GCRR atá beartaithe cead agus go bhfuil sí ag dul chun cinn agus go léirítear é sin sna coinníollacha a ghabhann le deonú an cheada pleanála ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Déantar mionathrú ar Scéim Mótarbhealaigh 2018 Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe mar a d'ordaigh Ordú Boird ABP ABP-302885-18 chun cúiseanna a thabhairt leis na stáblaí buana a fhágáil ar lár.

Ina theannta sin, tá Scéim Mhótarbhealach Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 mionathraithe de réir Ordú ABP-302885-18 ó Bhord ABP mar seo a leanas:

(v) *Beidh Ceapach uimhir 713a.203 faoi réir éadail shealadach*

(vi) *Beidh Ceapach uimhir 713a.204, Ceapach uimhir 713a.101 agus Ceapach uimhir 713b.101 faoi réir éadail shealadach chuig doimhneacht 1.5 méadar faoi leibhéal na talún agus faoi réir éadail bhuan chuig doimhneacht thar 1.5 méadar faoi leibhéal na talún*

Déantar roinnt tailte a mhalartú ó ghabháil talún bhuan go gabháil talún sealadach i Scéim Bóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe 2018 mar a ordáitear in Ordú ABP-302885-18 ó Bhord ABP mar seo a leanas:

(ii) *Beidh Ceapach uimhir 195a.202 faoi réir éadail bhuan cé is moite den chuid a fhreastalóidh ar an mbealach isteach athghrádaithe deiridh ar an áit chónaithe atá ann cheana a bheidh faoi réir éadail shealadach.*

(iii) *Beidh Ceapach uimhir 246a.203 faoi réir éadail bhuan cé is moite den chuid a fhreastalóidh ar an sruth éalaithe píobaithe a bheidh faoi réir éadail shealadach le comhaontú cead slí gaolmhar i bhfabhar an Údaráis Bóithre.*

Léirítear na mionathruithe seo go léir sna doiciméid nuashonraithe arna gcur faoin bhráid an Bhoird Pleanála sa fhreagairt ar an iarraidh ar fhaisnéis bhreise agus gur cuireadh san áireamh iad sa mheasúnú ar an Tionscadal sa TMTT nuashonraithe agus sa NIS nuashonraithe seo agus tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag déanamh iarratais chuig an mBord Pleanála chun na mionathruithe seo a dhéanamh agus cead á dheonú do Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe.

I gcás inar nuashonraíodh treoirilínte agus caighdeáin nó i gcás inar foilsíodh cinn nua agus iad ábhartha d'Iarratas Cuid 51 rinneadh athbhreithniú ar an dearadh lena chinntiú go gcomhlíonann sé na caighdeáin atá i bhfeidhm faoi láthair. Tá an dearadh i gcomhréir, faoi réir athrú beag ar an gcarrbhealach singil, agus níl gá le tailte breise ná athruithe ar an ailíniú ingearach chun dearadh oiriúnach a sholáthar. Cuireadh na treoirilínte agus na caighdeáin reatha go léir san áireamh sa mheasúnú ar an Tionscadal sa TMTT nuashonraithe seo. I gcás ina raibh athruithe ar an measúnacht agus/nó ina bhfuil sé tugtha cothrom le dáta ó TMTT 2018 i leith, leagadh iad sin amach.

1.2 Scagadh agus Scópáil MTT agus Ábhair agus Modheolaíocht TMTT

1.2.1 Ceanglais Reachtúla

Ullmhaíodh an TMTT nuashonraithe seo i gcomhréir leis na forálacha ábhartha i dTreoir 2011/92/AE⁹ maidir le Measúnú ar Thionchar Tionscadal Áirithe Poiblí agus Priobháideach ar an gComhshaol, arna leasú le Treoir 2014/52/AE¹⁰. Leasaítear dlí MTT ar roinnt bealaí le Treoir 2014/52/AE trí bhíthin Threoir 2011/92/AE a leasú.

Sonraítear in Airteagal 5 agus in Iarscríbhinn IV le Treoir MTT 2011/52/AE (arna hionadú le Treoir 2014/52/AE) agus le hAilt 50(2) agus 50(3) d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú, an fhaisnéis atá le bheith i dTuarascáil MTT maidir leis an Tionscadal.

Tá an fhaisnéis ar fad sa TMTT atá leagtha síos ag forálacha ábhartha Acht na mBóithre, 1993, arna leasú, na Rialacháin um Bóithre, 1994, arna leasú agus Airteagal 5 agus Iarscríbhinn IV de Threoir 2011/92/AE arna leasú, sa Tuarascáil MTT seo.

1.2.2 Scagadh MTT

Tá an N6 GCRR atá beartaithe níos mó ná na tairseacha atá socraithe do Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta faoi mar atá sonraithe i reachtaíocht na hÉireann. Cuimsíonn an reachtaíocht ábhartha Acht na mBóithre, 1993, arna leasú, agus na Rialacháin um Bóithre, 1994, arna leasú.

Sonraítear an méid seo a leanas in Alt 50 (1) d'Acht na mBóithre, 1993, arna leasú:

“50(1) (a) Beidh forbairt bóthair atá beartaithe atá comhdhéanta d’aon cheann díobh seo a leanas faoi réir mheasúnacht tionchair timpeallachta:

(i) mótarbhealach a thógáil;

(ii) busbhealach a thógáil;

(iii) limistéar seirbhíse a thógáil;

(iv) aon chineál forordaithe forbartha bóthair arb éard í bóthar poiblí beartaithe a thógáil nó bóthar poiblí láithreach a fheabhsú”.

Liostaíonn Airteagal 8 de na Rialacháin um Bóithre, 1994 (*Forbairt bóthair forordaithe chun críocha Acht na mBóithre, 1993*), na cineálacha forordaithe forbartha bóthair a n-éilítear Staidéar Tionchair Timpeallachta (Tuarascáil MTT) ina leith mar seo a leanas:

“8. Is é a bheidh sna cineálacha forordaithe forbartha bóthair atá beartaithe chun críche fho-alt (1) (a) (iii) d’alt 50 den Acht—

(a) bóthar nua a dhéanamh ina bhfuil ceithre lána nó níos mó, nó athailíniú nó leathnú a dhéanamh ar bhóthar láithreach chun ceithre lána nó níos mó a sholáthar, sa chás go mbeadh an bóthar nua, athailínithe nó leathnaithe sin ocht gciliméadar nó níos mó ar fad i gceantar tuaithe, nó 500 méadar nó níos mó ar fad i gceantar uirbeach;

(b) droichead nó tollán nua a dhéanamh a bheadh 100 méadar nó níos mó ar fad”.....

Beidh tuairim is 11.9km de dhébhealach i gceist leis an N6 GCRR atá beartaithe agus cuimseoidh sí droichead agus tarbhealach chomh maith le dhá thollán a mbeidh gach ceann acu níos mó ná 100 méadar ar fad. Ina theannta sin, is mótarbhealach a bheidh san N6 GCRR atá beartaithe ó Acomhal Leitrí ag an N59 go dtí an ceangal leis an N6 láithreach ag Cúil Each, Cnoc Mhaoil Drise. Dá réir sin, b'éigean don Údarás Bóithre in 2018 TMTT a ullmhú, rud a rinne sé, agus is nuashonrú é seo ar an TMTT 2018 sin.

⁹ Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag tionscadail áirithe phoiblí agus phriobháideacha ar an gcomhshaol (códú).

¹⁰ Treoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leasaítear Treoir 2011/92/AE maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag tionscadail áirithe phoiblí agus phriobháideacha ar an gcomhshaol

Sainítear bonneagar straitéiseach mar gach togra maidir le forbairt bóthair náisiúnta a bhfuil TMTT riachtanach ina leith in Alt 2 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, arna chur isteach le hAlt 6(c) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006. Dá bhrí sin, déileálann Rannóg Bonneagair Straitéisigh an Bhoird Pleanála le gach forbairt bonneagair straitéisigh den sórt sin.

1.2.3 Clár ábhar an TMTT nuashonraithe seo

Ullmhaíodh an Tuarascáil MTT nuashonraithe seo i gcomhréir le forálacha ábhartha Threoracha 2011/92/AE Measúnú ar na hÉifeachtaí atá ag Tionscadail Áirithe Phoiblí agus Phríobháideacha ar an gComhshaol arna leasú le Treoir 2014/52/AE agus i gcomhréir le forálacha ábhartha Acht na mBóithre, 1993, arna leasú, na Rialacháin um Bóithre, 1993, arna leasú, Airteagal 5 agus Iarscríbhinn IV de Threoir 2011/92/AE, arna leasú.

Sonraítear in Airteagal 5 agus in Iarscríbhinn IV le Treoir MTT 2011/52/AE (arna hionadú le Treoir 2014/52/AE)¹¹, agus le hAilt 50(2) agus 50(3) d'Acht na mBóithre, 1993, arna leasú, an fhaisnéis atá le cur i dTuarascáil MTT maidir leis an Tionscadal.

Déantar na hait ábhartha den reachtaíocht a atáirgeadh thíos ar mhaithe le soiléireacht a sholáthar i dtaca leis an bhfaisnéis a bheidh sa TMTT nuashonraithe seo.

Sonraítear le hIarscríbhinn IV de Threoir MTT, arna leasú, an fhaisnéis a bheidh sa TMTT agus déantar í a atáirgeadh i dTábla 1.1 thíos. Sásaíonn an fhaisnéis a thugtar sa TMTT nuashonraithe seo na ceanglais d'Airteagal 5 agus d'Iarscríbhinn IV den Treoir MTT, arna leasú.

Tábla 1.1 Iarscríbhinn IV de Threoir MTT arna leasú le Treoir 2014/52/AE¹²

IARSCRÍBHINN IV - FAISNÉIS DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 5(1) (FAISNÉIS DON TUARASCÁIL AR AN MEASÚNACHT TIONCHAIR TIMPEALLACHTA)	
1. Cur síos ar an tionscadal, lena n-áirítear go háirithe:	
(a) tuairisc ar shuíomh an tionscadail;	
(b) tuairisc ar airíonna fisiceacha an tionscadail iomláin, lena n-áirítear, nuair is ábhartha, oibreacha scartála riachtanacha agus na riachtanais maidir le húsáid talún le linn na gcéimeanna tógála agus oibríochtúla;	
(c) tuairisc ar na príomhairíonna a bhaineann le céim oibríochtúil an tionscadail (go háirithe aon phróiseas táirgeachta), mar shampla, éileamh ar fhuinneamh agus an fuinneamh a úsáidtear, nádúr agus cainníocht na n-ábhar agus na n-acmhainní nádúrtha a úsáidtear (lena n-áirítear uisce, talamh, ithir agus bithéagsúlacht);	
(d) meastachán, de réir cineáil agus cainníochta, ar na hiarmhair agus na hastaíochtaí tuartha (amhail truailliú aeir, ithreach agus fo-ithreach, torann, creathadh, solas, teas, radaíocht) agus na cainníochtaí agus na cineálacha fuíollábhair a tháirgfear le linn na gcéimeanna tógála agus oibríochtúla.	
2. Tuairisc ar na malairtí réasúnacha (mar shampla i dtaca le dearadh tionscadail, teicneolaíocht, suíomh, méid agus scála) a ndearna an forbróir staidéar orthu, atá ábhartha maidir leis an bhforbairt atá beartaithe agus leis na hairíonna sonracha a bhaineann léi, chomh maith le léiriú ar na príomhchúiseanna ar roghnaíodh an rogha a roghnaíodh, lena n-áirítear comparáid idir éifeachtaí comhshaoil.	
3. Tuairisc ar na gnéithe ábhartha a bhaineann le staid reatha an chomhshaoil (cás bonnline) agus breac-chuntas ar éabhlóid ionchasach an chomhshaoil gan an tionscadal a chur chun feidhme chomh fada agus is féidir athruithe nádúrtha ón gcás bonnline a mheas le hiarracht réasúnach ar bhonn faisnéis chomhshaoil agus faisnéis eolaíochta a bheith ar fáil.	
4. Tuairisc ar na tosca a shonraítear in Airteagal 3(1) ar dócha go mbeidh éifeacht shuntasach ag an tionscadal beartaithe orthu: daonra, sláinte an duine, bithéagsúlacht, (mar shampla, fána agus flóra), talamh (mar shampla, tógáil talún), ithir (mar shampla ábhar orgánach, creimeadh, dlúthú, séalú), uisce (mar shampla athruithe hidreamhoirfeolaíochta, cainníocht agus cáilíocht), aer, aeráid (mar shampla astaíochtaí gás ceaptha teasa, tionchair atá ábhartha maidir le hoiriúin), sócmhainní ábhartha, oidhreacht chultúrtha, lena n-áirítear gnéithe ailtireachta agus seandálaíochta, agus an tírdhreach.	
5. Tuairisc ar na héifeachtaí suntasacha is dóigh a bheidh ag an tionscadal ar an gcomhshaol agus a eascróidh as, inter alia:	
a. tógáil an tionscadail agus é a bheith ann, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, oibreacha scartála.	
b. (úsáid acmhainní nádúrtha, go háirithe talamh, ithir, uisce agus bithéagsúlacht, agus infhaighteacht inbhuanaithe na n-acmhainní sin a bhreithniú a mhéid is féidir.	

¹¹ Tá Iarscríbhinn IV de Threoir 2011/92/AE athchurtha i dTreoir 2014/52/AE

¹² <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32014L0052>

IARSCRÍBHINN IV - FAISNÉIS DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 5(1) (FAISNÉIS DON TUARASCÁIL AR AN MEASÚNACHT TIONCHAIR TIMPEALLACHTA)

- c. astú truaileán, torainn, creathaidh, solais, teasa agus radaíochta, cruthú núiseanna, agus diúscairt agus aisghabháil dramhaíola.
- d. na rioscaí do shláinte an duine, don oidhreacht chultúrtha nó don chomhshaol (mar shampla de bharr timpistí nó tubaistí);
- e. carnadh éifeachtaí le tionscadail eile atá ann agus/nó atá faofa, agus aird á tabhairt ar aon fhadhbanna comhshaoil atá ann a bhaineann le réimsí a bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leo maidir leis an gcomhshaol agus ar dócha go mbeidh éifeacht aige orthu nó úsáid acmhainní nádúrtha;
- f. tionchar an tionscadail ar an aeráid (mar shampla nádúr agus méid na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa) agus leochaileacht an tionscadail maidir le hathrú aeráide.
- g. na teicneolaíochtaí agus na substaintí a úsáidfear.

Ba chóir go gcumhdódh an tuairisc ar na héifeachtaí suntasacha dóchúla a bheidh ar na tosca a shonraítear in Airteagal 3(1) agus aon éifeachtaí díreacha agus aon éifeachtaí indireacha, tánaisteacha, carnacha, trasteorann, gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha, buana agus sealadacha, dearfacha agus diúltacha a bheidh ag an tionscadal. Ba chóir go gcuirfeadh an tuairisc sin san áireamh na spriocanna maidir le cosaint an chomhshaoil a bunaíodh ag leibhéal an Aontais nó ag leibhéal na mBallstát agus a bhfuil baint acu leis an tionscadal.

- 6. Tuairisc ar na modhanna réamhaisnéise nó ar an bhfianaise, a úsáideadh chun na héifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol a aithint agus a mheas, lena n-áirítear sonraí faoi na deacrachtaí (mar shampla easnaimh theicniúla nó easpa eolais) a tháinig chun cinn nuair a bhí an fhaisnéis riachtanach á tiomsú agus na neamhchinnteachtaí is mó a bhí i gceist.
- 7. Tuairisc ar na bearta atá i gceist chun aon drochéifeachtaí aitheanta suntasacha ar an gcomhshaol a chosc, a laghdú nó, más féidir, iad a fhritháireamh agus, nuair is cuí, tuairisc ar aon socrúithe faireacháin atá beartaithe (mar shampla anailís iarthionscadail a ullmhú). Ba chóir go míneofaí sa tuairisc sin a oiread agus a dhéanfar drochéifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol a sheachaint, a chosc, a laghdú nó a fhritháireamh, agus ba chóir go gcumhdófaí an chéim thógála chomh maith leis an gcéim oibriochtúil inti.
- 8. Tuairisc ar dhrochéifeachtaí suntasacha tuartha an tionscadail ar an gcomhshaol ag eascairt as leochaileacht an tionscadail i leith mórthimpistí agus/nó tubaistí atá iomchuí maidir leis an tionscadal i dtrácht. Féadfar an fhaisnéis iomchuí atá ar fáil agus a fuarthas trí mheasúnú riosca de bhun reachtaíocht an Aontais amhail Treoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) nó Treoir 2009/71/Euratom (**) nó measúnuithe iomchuí a dhéantar de bhun reachtaíocht náisiúnta a úsáid chun na críche seo ar choinnioll go gcomhlíontar na ceanglais sa Treoir sin. Nuair is cuí, ba chóir go gcuimseodh an tuairisc na bearta atá i gceist chun drochéifeachtaí suntasacha imeachtaí den chineál sin ar an gcomhshaol a chosc nó a mhaolú chomh maith le sonraí faoin ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna den chineál sin agus an fhreagairt atá beartaithe dóibh.

9. Achoimre neamhtheicniúil ar an bhfaisnéis a thugtar faoi cheannteidil 1 go 8.

10. Liosta tagairí ina sonrú ar na foinsí a úsáideadh do na tuairiscí agus do na measúnuithe atá san áireamh sa tuarascáil.

Sonraítear in Ailt 50(2) agus 50(3) d'Acht na mBóithre 1993, arna leasú, an fhaisnéis atá le bheith i RTT, dá dtagraítear anois mar Thuarascáil MTT. Déantar Alt 50(2) agus Alt 50(3) d'Acht na mBóithre, 1993, arna leasú, a atáirgeadh i dTábla 1.2 thíos. Comhlíonann an fhaisnéis a sholáthraítear sa TMTT nuashonraithe seo ceanglais Alt 50(2) agus Alt 50(3) d'Acht na mBóithre, 1993, arna leasú.

Tábla 1.2 Ailt 50 (1B), 50(2) agus 50(3) d'Acht na mBóithre, 1993, arna leasú¹³

CODANNA 50(2) AGUS 50(3) d'ACHT NA mBÓITHRE, 1993, ARNA LEASÚ

- “50 (1B) Ullmhóidh údarás bóithre nó, de réir mar a bheidh an tÚdarás, tuarascáil ar mheasúnacht tionchair timpeallachta i ndáil le haon fhorbairt bóthair a bheartaíonn sé atá faoi réir mheasúnacht tionchair timpeallachta faoin alt seo.
- (2) Áiríteoidh an t-údarás bóithre nó an tÚdarás, de réir mar a bheidh, an méid a leanas maidir le tuarascáil ar mheasúnacht tionchair timpeallachta dá dtagraítear i bhfo-alt (1B)—
- (a) go n-ullmhaíonn saineolaithe inniúla í,
 - (b) faoi réir fho-alt (3), go bhfuil an fhaisnéis a leanas inti:
 - (i) tuairisc ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe ina bhfuil faisnéis maidir le láithreán, dearadh, méid agus gnéithe ábhartha eile den fhorbairt;
 - (ii) tuairisc ar na héifeachtaí suntasacha is dóigh a bheidh ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an timpeallacht;
 - (iii) tuairisc ar aon ghnéithe den fhorbairt bóthair atá beartaithe agus ar na bearta atá beartaithe chun drochthionchar suntasach dóchúla ar an timpeallacht a sheachaint, a chosc nó a laghdú agus, más féidir, a sheach-chur;

¹³ <https://revisedacts.lawreform.ie/eli/1993/act/14/section/50/revised/en/html>

(iv) tuairisc ar na roghanna réasúnta eile arna staidéar ag an údarás bóithre nó ag an tÚdarás, de réir mar a bheidh, atá ábhartha don fhorbairt bóthair atá beartaithe agus a shaintréithe saineolaíoch, agus tuiscint ar na príomhchuíseanna leis an rogha a roghnaíodh, ag cur san áireamh éifeachtaí na forbartha bóthair atá beartaithe ar an gcomhshaol;

(v) achoimre neamhtheicniúil ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bhfo-alt (i) go (iv);

(vi) aon fhaisnéis bhreise a shonraítear in Iarscibhinn IV atá ábhartha leis na hairíonna sonracha a bhaineann leis an bhforbairt bóthair ar leith atá beartaithe nó leis an gcineál forbartha bóthair atá beartaithe, agus leis na gnéithe den chomhshaol ar dócha go mbeidh éifeacht ag an bhforbairt orthu,

agus

(c) go gcuirtear san áireamh ann na torthaí atá ar fáil ó mheasúnachtaí ábhartha eile arna ndéanamh de bhun aon Acht den Oireachtas nó faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh chun dúbláil measúnachtaí a sheachaint.

50(3) I gcás ina n-eisíonn an Bord Pleanála tuairim faoi fho-alt (4) déanfaidh an t-údarás bóithre nó an tÚdarás, de réir mar a bheidh—

(a) tuarascáil ar mheasúnacht tionchair timpeallachta a ullmhú dá dtagraítear i bhfo-alt (1B) bunaithe ar an tuairim sin, agus

(b) a áireamh sa tuarascáil an fhaisnéis a d'fhéadfaidh a bheith de dhíth go réasúnach le teacht ar chonclúid réasúnaithe maidir le héifeachtaí suntasacha na forbartha bóthair atá beartaithe, ag tabhairt san áireamh eolas agus modhanna measúnaithe reatha.

1.2.4 Struchtúr an TMTT nuashonraithe seo

Tá an TMTT nuashonraithe seo ullmhaithe ag Arup, a chuimsíonn an fhoireann saineolaithe inniúla inmheánacha agus seachtracha atá acu, ar son BIÉ, Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Tagair don Liosta Rannpháirtithe chun tuilleadh sonraí a fháil faoi na saineolaithe inniúla. Ina theannta sin, chuir BIÉ, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ionchur ar fáil don TMTT nuashonraithe, nuair ba ghá sin.

Tá ceithre imleabhar sa TMTT nuashonraithe agus is é seo an dara ceann acu. Is iad seo a leanas na ceithre cinn:

- Imleabhar 1 – Achoimre Neamhtheicniúil
- Imleabhar 2 – Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (Príomhthéacs)
- Imleabhar 3 – Fíoracha
- Imleabhar 4 – Aguisíní

Tá an príomhthéacs sa TMTT nuashonraithe roinnte arís i gcaibidlí mar seo a leanas:

- Caibidil 1 – Réamhrá
- Caibidil 2 – Comhthéacs Pleanála agus Beartais
- Caibidil 3 – An Gá atá leis an Tionscadal
- Caibidil 4 – Roghanna Eile a Breithníodh
- Caibidil 5 – Cur Síos ar an Tionscadal
- Caibidil 6 – Measúnú Tráchta agus Trasghearradh an Bhealaigh
- Caibidil 7 – Gníomhaíochtaí Tógála
- Caibidil 8 – Bithéagsúlacht
- Caibidil 9 – Ithreacha agus Geolaíocht
- Caibidil 10 – Hidrigeolaíocht
- Caibidil 11 – Hidreolaíocht
- Caibidil 12 – Tírdhreach agus Amharc

- Caibidil 13 – *Oidhreacht Chultúrtha (ar ar tugadh Seandálaíocht, Oidhreacht Ailtireachta agus Chultúrtha in TMTT 2018)*
- Caibidil 14 – *Sócmhainní Ábhartha Talmhaíocht*
- Caibidil 15 – *Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta*
- Caibidil 16 – *Cáilíocht an Aeir*
- *Caibidil 17 – Aeráid (is caibidil ar leithligh atá anseo anois ach bhí sí mar chuid de Chaibidil 16 le Cáilíocht an Aeir in TMTT 2018)*
- Caibidil 18 – *Torann agus Creathadh*
- Caibidil 19 – *Daonra agus Sláinte an Duine (ar ar tugadh Daoine, Daonra agus Sláinte an Duine in TMTT 2018)*
- *Caibidil 20 – Dramhail agus Bainistíocht Acmhainní (is caibidil ar leithligh í seo anois cé go raibh sí mar chuid de Chaibidil 7 Gníomhaíochtaí Tógála in TMTT 2018)*
- Caibidil 21 – *Mórhionóiscí, Idirghaolmhaireachtaí, Idirghníomhaíochtaí, agus Tionchair Charnacha*
- Caibidil 22 *Achoimre ar Bhearta Maolaithe agus ar Thionchair Iarmharacha agus*
- Caibidil 23 – *Sceideal na dTiomantas Comhshaoil*

Úsáideadh an fhormaid ghrúpáilte mar fhormaid sa TMTT nuashonraithe seo, formáid ina ndéantar gach topaic a phlé i gcuid faoi leith. Ceapadh ar an mbealach sin é le go bhféadfadh léitheoirí teacht ar na hábhair a bhfuil spéis acu féin iontu chomh héasca agus is féidir. Mar sin féin, tá cuid de na topaicí ag forluí ar a chéile. Mar shampla, pléitear na héifeachtaí ar dhaoine i roinnt caibidlí lena n-áirítear Caibidil 12, Tírdhreach agus Amharc, Caibidil 15, Sócmhainní Ábhartha agus Neamhthalmhaíochta, Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir, Caibidil 17 Aeráid, agus Caibidil 18, Torann agus Creathadh, chomh maith le Caibidil 19, Daoine, Daonra agus Sláinte an Duine. Pléitear na héifeachtaí ar thalamh i roinnt caibidlí lena n-áirítear: Caibidil 14, Sócmhainní Ábhartha Talmhaíocht, Caibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta, Caibidil 12, Tírdhreach agus Amharc, chomh maith le Caibidil 19, Daoine, Daonra agus Sláinte an Duine. Ba chóir a thabhairt ar aird go mbaintear úsáid as an téarma éifeachtaí agus tionchair mar mhalairt ar a chéile sa TMTT nuashonraithe seo agus an chiall chéanna leo.

Déantar éifeachtaí suntasacha ar thopaicí comhshaoil a eascraíonn as leochaileacht an Tionscadail ó thaobh rioscaí mórhimpistí agus/nó tubaistí a phlé i gCaibidil 21, Mórhionóiscí, Idirghaolmhaireachtaí, Idirghníomhaíochtaí, agus Tionchair Charnacha.

Tabharfar tuairisc ar idirghníomhaíochtaí idir ceisteanna comhshaoil i gCaibidil 21, Mórhionóiscí, Idirghaolmhaireachtaí, Idirghníomhaíochtaí, agus Tionchair Charnacha. Cuirtear roghanna eile a breithníodh agus cur síos ar an Tionscadal i láthair i gCaibidlí 4 agus 5 faoi seach.

Mar a tugadh faoi deara i gCuid 1.1.1, tá an N6 GCRR atá beartaithe ina chuid de thionscadal, agus tá sé sainaitheanta mar thionscadal laistigh de ‘Straitéis Iompair na Gaillimhe’ (SIG). Mar sin féin, níl cur chun feidhme an N6 GCRR atá beartaithe ag brath ar sheachadadh comhpháirteanna eile de SIG. Is forbairt neamhspleách é. Dá bhrí sin, is próiseas neamhspleách é an próiseas MTT don Tionscadal. Ach ar an lámh eile tá cur i bhfeidhm optamach an SIG iomlán ag brath ar sheachadadh an N6 GCRR atá beartaithe chun Cathair na Gaillimhe agus a ceantar máguaird a chumasú le fás ar bhealach inbhuanaithe i gcomhréir leis an gCreat Pleanála Náisiúnta. Cé gur féidir go leor de ghnéithe an SIG a chur i bhfeidhm go neamhspleách ó sheachadadh an N6 GCRR atá beartaithe, chun méid iomlán na mbeart agus rath an SIG a bhaint amach is gá an cuarbhealach nua seo a sholáthar, ar breiseán straitéiseach atá ann freisin le Líonra Cuimsitheach TEN-T an Aontais Eorpaigh.

Cuireadh Ráiteas Tionchair Natura (NIS) faoi bhráid an Bhoird Pleanála mar aon le hIarratas Alt 51 i gcomhair a fhaofa in 2018 chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas i leith Measúnacht Chuí (MC) agus chun cuidiú leis an mBord Pleanála tabhairt faoi Mheasúnacht Chuí a éilítear. Áirítear NIS nuashonraithe den Tionscadal i gCuid VII de Fhreagra IFB 2025.

1.2.5 Sonraí faoi Shaineolaithe Inniúla

Chuir Arup an TMTT nuashonraithe seo i dtoll a chéile, thar ceann BIÉ, Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus chuir saineolaithe inniúla measúnú agus tuairisciú ar fáil ar gach aon ábhar ar leith. Tá sonraí faoin bpríomhúdar agus faoi shaineolas gach saineolaí inniúil ar fáil i dTábla 1.3 thíos.

Tábla 1.3 Sonraí Saineolaithe – Cálíochtaí, Taithí agus Inniúlachtaí Ábhartha Eile

Ábhar	An Príomhúdar – Sonraí Inniúlachta
Caibidil 1 Réamhrá	Eileen McCarthy BE (Onóracha) MIEI CEng, MICE CEng, PE (SAM), Arup Is Stiúrthóir le Arup í Eileen McCarthy. Tá céim onóracha san Innealtóireacht Shibhialta aici ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh agus tá sí ina comhalta Cairte d’Institiúid na nInnealtóirí Sibhialta i Londain agus ina Comhalta Cairte d’Innealtóirí Éireann agus ina hinnealtóir gairmiúil ceadúnaithe i SAM. Tá 35 bliain de thaithí ábhartha ag Eileen agus go háirithe, is í a bhainistigh an phleanáil agus an dearadh do scéimeanna bóthair éagsúla lena n-áirítear Acomhal Bhaile Osbeird ar an M7 agus Scéim Sheachbhóthar na Sollán ar an R407, Scéim Mhótarbhealach an M20 ó Chorcaigh go Luimneach, Scéim Feabhsúcháin Bóthair Bhéal Átha Síomóin, an M7/N24, Scéim an N22 ó Bhaile Bhuirne go Maigh Chromtha agus Cuarbhóthar Theas an Náis i gCill Dara. Bhí freagracht dhíreach uirthi maidir le bainistíocht tionscadail agus seachadadh a dhéanamh ar Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe ó tosaíodh ag obair ar an iarratas sin chuig an mBord Pleanála i mí na Nollag 2013 agus chuidigh baill den fhoireann deartha léi de réir mar ba ghá chun an TMTT nuashonraithe seo a thiomsú. Mary Hurley BE (Onór.) MIEI CEng, Arup Is Stiúrthóir Comhlach le Arup í Mary Hurley. Bhain Mary céim onóracha den chéad ghrád amach san Innealtóireacht Shibhialta agus Timpeallachta ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh in 2002. Is Innealtóir Cairte í le breis is 22 bliain de thaithí ghairmiúil le hInstitiúid Innealtóirí na hÉireann agus le 18 mbliana anuas tá obair déanta aici sa réimse pleanála le haghaidh mórtionscadail bhonneagair, lena n-áirítear Scéim Mótarbhealaigh M20 Corcaigh go Luimneach agus Acomhal M7 Bhaile Osbeird agus Seachbhóthar R407 na Sollán. Bhí freagracht dhíreach uirthi maidir le bainistíocht agus seachadadh a dhéanamh ar mheasúnacht timpeallachta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe ó tosaíodh ag obair ar an iarratas sin chuig an mBord Pleanála i mí na Nollag 2013 agus chuidigh baill den fhoireann deartha léi de réir mar ba ghá chun an TMTT nuashonraithe seo a thiomsú. Rinne Eileen McCarthy agus Mary Hurley maoirseacht ar ullmhú Chaibidil 1 den nuashonrú ar an TMTT.
Caibidil 2 Comhthéacs Pleanála agus Beartais	John O’Malley BA BAI MRUP MIPI MRTPI Kieran O’Malley and Company Limited – Pleanáil Is Pleanálaí Baile Cairte é John O’Malley a bhfuil taithí ghairmiúil níos mó ná 27 bliain aige ar phleanáil in Éirinn. Is Stiúrthóir é John le Kieran O’Malley and Company Limited agus tá sé ina bhall d’Institiúid Pleanála na hÉireann agus d’Institiúid Ríoga na bPleanálaithe Baile. Tá bunchéim san Innealtóireacht Shibhialta ag John ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Máistreacht sa Phleanáil Réigiúnach agus Uirbeach (MRUP) ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. D’oibrigh John ar straitéisí pleanála uirbí, pleananna forbartha agus pleananna ceantair áitiúil, tionscadail bonneagair straitéiseacha, staidéir féidearthachta, éilimh ar chúiteamh, tionscadail forbartha tionsclaíche agus ar chásanna eadránaithe ar son ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, Údaráis Áitiúla, comhlachtaí Stáit agus cuideachtaí Stáit, lena n-áirítear Bord Gáis Éireann, BSL, Bord na Móna agus an earnáil phríobháideach. Tá fianaise faoi mhionn tugtha ag John mar fhinné saineolach i ndáil le cúrsaí pleanála os comhair an Eadránaí Maoine agus sna cúirteanna. D’ullmhaigh John O’ Malley Caibidil 2 den TMTT nuashonraithe le cabhair ó Eileen McCarthy Arup.

Ábhar	An Príomhúdar – Sonraí Inniúlachta
Caibidil 3 An gá atá leis an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe	Eileen McCarthy BE (Onóracha) MIEI CEng, MICE CEng, PE (SAM), Arup Féach thuas Rinne Eileen McCarthy maoirseacht ar ullmhú Chaibidil 3 den TMTT nuashonraithe.
Caibidil 4 Roghanna Eile a Breithníodh	Eileen McCarthy BE (Onór.) MIEI CEng, MICE CEng, PE (SAM), Arup agus Mary Hurley BE (Onór.) MIEI CEng, Arup Féach thuas Rinne Eileen McCarthy agus Mary Hurley maoirseacht ar ullmhú Chaibidil 4 den nuashonrú ar an TMTT.
Caibidil 5 Tuaireasc ar an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe	Eileen McCarthy BE (Onór.) MIEI CEng, MICE CEng, PE (SAM), Arup agus Mary Hurley BE (Onór.) MIEI CEng, Arup Féach thuas Rinne Eileen McCarthy agus Mary Hurley maoirseacht ar ullmhú Chaibidil 5 den nuashonrú ar an TMTT.
Caibidil 6 Measúnú Tráchta agus Trasghearradh an Bhealaigh	Andrew Archer, Systra - Trácht Is Innealtóir Cairte é Andrew Archer agus tá sé ina Stiúrthóir Tionscadail d'oibriocht Systra in Éirinn; tá níos mó ná 22 bliain de thaithí éagsúil agus dhúshlánach aige i raon leathan tionscadail pleanála, beartais agus innealtóireachta iompair. Trína chuid oibre san Eoraip agus sa Mheánoirthear bhí ról mór ag Andrew i bpleanáil straitéiseach agus i ndearadh nuálach ar líon de phríomhthionscadail phoiblí agus phriobháideacha lena n-áirítear úsáid talún agus staidéir iompair, máistirphleananna forbartha, pleananna creata iompair, breithmheas ar scéimeanna mórbhealaí, agus dearáí coincheapúla ar scéimeanna bonneagair iompair. Tá saineolas ar leith ag Andrew maidir le hoibriú le cliaint agus le páirtithe leasmhara ar bhealach comhoibrioch chun straitéisí praiticiúla ar féidir iad a chur chun feidhme a fhorbairt do bhailte mórsála, tionscadail athghiniúna uirbí nó forbairtí aonair. Chomh maith leis sin, rinne Andrew réimse de staidéir iompair ilmhódacha ar fud na hÉireann a bhainistiú agus a sheachadadh, lena n-áirítear pleananna um úsáid chomhtháite talún agus creata iompair, pleananna do cheantair áitiúla, straitéisí um bainistiú tráchta, dearáí um shábháilteacht ar bhóithre, straitéisí um bainistiú tráchta scoile agus scéimeanna um bainistiú páirceála. Comhairleoir pleanála iompair is ea Peter Gannon laistigh d'oibriocht Systra in Éirinn, le níos mó ná 10 mbliana taithí feadh raon scéimeanna pleanála iompair agus mórbhonneagair, in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Thacaigh Peter le straitéisí iompair, Pleananna Ceantair Áitiúil, Measúnuithe Iompair agus breithmheas ar roinnt tionscadail bhonneagair mhóra. Áirítear ar a thaithí BusConnects na Gaillimhe – Bóthar Bhaile Átha Cliath, Bóthar Faoisimh Mhala, Seachbhóthar Achadh an Iúir an N3, an N55 Baile Átha Luain go Baile Uí Mhatháin, Síneadh Meitreo Thaobh Thiar Birmingham agus Síneadh Meitreo Pháirc Trafford Mhanchain. D'ullmhaigh Andrew Archer Caibidil 6 den TMTT nuashonraithe le cabhair ó Peter Gannon.
Caibidil 7 Gníomhaíochtaí Tógála	Eileen McCarthy BE (Onór.) MIEI CEng, MICE CEng, PE (SAM), Arup agus Mary Hurley BE (Onór.) MIEI CEng, Arup, Gníomhaíochtaí Ginearálta Tógála Féach thuas Rinne Eileen McCarthy agus Mary Hurley maoirseacht ar ullmhú Chaibidil 7 den nuashonrú seo ar an TMTT.

Ábhar	An Príomhúdar – Sonraí Inniúlachta
Caibidil 8 Bithéagsúlacht	Aebhín Cawley CEnv MCIEEM, Scott Cawley - Bithéagsúlacht Is í Aebhín Cawley an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ag Scott Cawley Ltd. Tá céim sa zó-eolaíocht aici ó Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide) agus ina theannta sin tá dioplóma iarchéime aici sa Phleanáil Fhisiceach ón ollscoil chéanna. Is Comhshaolaí Cairte (CEnv) í Aebhín leis an gCumann don Chomhshaol (Soc Env) agus tá sí ina comhalta iomlán den Institiúid Cairte um Bainistíocht Éiceolaíochta agus Chomhshaoil. Tá os cionn 20 bliain de thaithí ghairmiúil ag Aebhín mar chomhairleoir éiceolaíochta, i suirbhéireacht éiceolaíoch agus measúnacht tionchair i gcomhair tionscadal san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach lena n-áirítear mórhionscadail bhonneagair i dtaca le bóithre, iarnróid agus eile. Tá taithí fhairsing ag Aebhín Cawley ar Mheasúnacht Chuí (MC) agus soláthar seirbhísí athbhreithnithe teicniúil agus comhairleacha i ndáil le MC agus Measúnacht Tionchair Éiceolaíochta (EcIA). Tá Aebhín ag cabhrú le cliaint san earnáil phoiblí agus phríobháideach maidir leis an Treoir maidir le Gnáthóga ó 2002. Cuireann sí oiliúint ar fáil i Measúnacht Chuí agus bithéagsúlacht d’eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus phríobháideach agus tá léachtaí tugtha aici do raon institiúidí gairmiúla agus eagraíochtaí san earnáil phoiblí. D’fheidhmigh sí mar phríomhfhinne saineolach don bithéagsúlacht i roinnt mhaith éisteachtaí ó bhéal maidir le tionscadail bhonneagair mhóra agus chuir sí comhairle ar chliaint i roinnt mhaith cásanna um athbhreithniú breithiúnach. Ba í Aebhín a bhí mar stiúthóir tionscadail don Chaibidil ar Bhithéagsúlacht den Tuarascáil MTT agus don NIS agus bhí freagracht fhoriomlán uirthi maidir leis na tuarascálacha sin a sheachadadh chomh maith le hionchur ardleibhéil a bheith aici sna modheolaíochtaí suirbhé, i measúnú tionchar agus maidir le straitéis mhaolaithe a fhorbairt. Chomh maith leis sin, ghlac Aebhín gnéithe ar leith d’obair an tsuirbhé allamuigh mar chúram uirthi féin. Andrew Speer MCIEEM, Scott Cawley - Bithéagsúlacht Is é Andrew Speer an Príomhoifigeach Teicniúil ag Scott Cawley Ltd. Tá 18 mbliana de thaithí ghairmiúil ag Andrew ar chomhairliúcháin éiceolaíochta gairmiúil ag ullmhú Measúnachtaí Tionchair Éiceolaíochta, caibidlí Bithéagsúlachta do Thuarascálacha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT), tuarascálacha Scagtha na Measúnachta Cuí (Scag MC), Ráitis/Tuarascálacha Tionchair Natura, agus iarratais ar cheadúnas do mhaolú speiceas faoi chosaint i gcomhair réimse tionscadal agus castacht tionscadal agus pleananna forbartha straitéiseacha/úsáide talún. Tá taithí fhairsing ag Andrew ar dhearadh, tabhairt faoi, bainistiú agus seachadadh clár suirbhé allamuigh éiceolaíochta casta ar mhórsála, agus i measúnacht ar thionchair agus dearadh/cur i bhfeidhm beart maolaithe, maidir le mórhionscadail bhonneagair; ag cumhdach fána críche faoi chosaint (e.g. ialtóga, broic, amfaibiaigh, reiptílí agus inveirteabraigh), éin phóraithe agus gheimhrithe, speicis uisceacha faoi chosaint (e.g. gliomach fionnuisce ar a bhfuil crúba bána, diúilicín péarla fionnuisce, madra uisce agus loimpre) agus gnáthóga. Baineann cion suntasach de thaithí Andrew le tionscadail bonneagair iompair, feadh gach céime tionscadail (ó indéantacht, srianta agus roghnú roghanna, tríd an bpróiseas dearaidh, measúnaithe, agus reachtúil, chuig tógáil agus cur i bhfeidhm) lena n-áirítear feidhmiú mar Chléireach Éiceolaíoch Oibreacha ag maoirseacht agus ag cur i bhfeidhm beart maolaithe éiceolaíochta, lena n-áirítear ceadúnais mhaolaithe a fháil do speiceas faoi chosaint. Cuireann Andrew seirbhísí piara EcIA/MC agus athbhreithniú teicniúil agus comhairleacha ar fáil do chliaint san earnáil phoiblí agus phríobháideach, d’fheidhmigh sé mar fhinné bithéagsúlachta do thionscadail a bhain le bóithre náisiúnta ag éisteacht ó bhéal agus tá taithí aige ar phróisis um athbhreithniú breithiúnach agus achomharc agus cosaintí ceadúnais EPA, agus thug sé ionchur acu. Tá taithí aige freisin ar fhorbairt agus seachadadh oiliúna a bhaineann le bithéagsúlacht agus measúnacht tionchair don earnáil phoiblí agus phríobháideach agus le déanaí bhí sé páirteach i bhforbairt réiteach Bithéagsúlachta – Gan Glanchaillteanas/Glanghnóthachan do thionscadail san earnáil phoiblí agus phríobháideach. Bhí Aebhín Cawley agus Andrew Speer freagrach as ullmhú Chaibidil 8 den TMTT nuashonraithe, NIS agus doiciméid scagacháin don Mheasúnacht Chuí.

Ábhar	An Príomhúdar – Sonraí Inniúlachta
Caibidil 9 Ithreacha agus Geolaíocht	Cathal Mac an tSearraigh BE (Ord), BE (Onór.), CEng, Arup – Ithreacha agus Geolaíocht Is Innealtóir Sibhialta Sinsearach Cairte é Cathal Mac an tSearraigh a bhfuil níos ná 10 mbliana taithí aige leis an bhfoireann Innealtóireachta Talún in Arup Ireland. Tá taithí faighte ag Cathal feadh raon earnálacha lena n-áirítear bonneagar, foirgnimh agus guaiseacha nádúrtha, ag forbairt saincolais ar thionscadail in Éirinn, ar mhórthír na hEorpa agus san Áise. Marie Fleming BSc MSc PGcert GIS DIC, Arup – Ithreacha agus Geolaíocht Is geolaí innealtóireachta cairte í Marie Fleming a n-áirítear ar a taithí 24 bliain de staidéir deisce gheoiteicniúla, anailís gheolaíochta agus gheomoirfeolaíochta agus mapáil GIS, measúnachtaí tionchair timpeallachta, oibreacha créafóige geoifisice, dearadh agus tuairisciú geoiteicniúil. Bhí Marie ina ceannaire Tailte agus Ithreacha ar roinnt mhaith tionscadal ó mhórhionscadail bhonneagair líneacha go forbairtí príobháideacha ag tabhairt comhairle shaineolach maidir leis na srianta comhshaoil agus deiseanna do thionscadail a bhaineann le hithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht. Juli Crowley BE MSc Eng MIEI Ceng, Arup – Ithreacha agus Geolaíocht Is Innealtóir Geoiteicniúil Sinsearach le Arup í Juli Crowley a bhfuil breis agus dhá bhliain déag de thaithí innealtóireachta aici. Tá céim san Innealtóireacht Struchtúr aici ó Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Máistreacht san Innealtóireacht Geoiteicniúil ó Ollscoil Newcastle agus tá sí ina hInnealtóir Cairte le hInnealtóirí Éireann ó 2011 i leith. D'oibrigh Juli ar réimse leathan de thionscadail bhonneagair, tráchtála, phríobháideacha agus ola agus gáis ag an gcéim réamhthairisceana, ag céim an dearaidh mhionsonraithe agus ag an gcéim iarthógála agus tá taithí fhorleathan aige i dtaca le dearadh geoiteicniúil agus tógáil. D'ullmhaigh Julie na measúnachtaí tionchair maidir le hithreacha agus geolaíocht do thionscadail, Mótarbhealach an M20 ó Chorcaigh go Luimneach ina measc. D'ullmhaigh Cathal Mac an tSearraigh agus Marie Fleming Caibidil 9 den TMTT nuashonraithe le cabhair ó Juli Crowley.
Caibidil 10 Hidrigeolaíocht	An Dr Leslie Brown PhD MSc BSc, Arup - Hidrigeolaíocht Is hidrigeolaí sinsearach a bhfuil 21 bliain de shaineolas screamhuisce aici in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus sa Mheánoirthear í an Dr Leslie Brown. Mar acadóir, baineann staidéir dochtúireachta an Dr Brown le fairsinge na limistéar screamhuisce in uiscigh charstacha a líniú, gnéithe pailéacharstacha dromchla agus fodhromchla a mhapáil, conairí sreafa carst a chainníochtú agus geolaíocht aolchloiche. Tá taighde iardhochtúireachta déanta ag an Dr Brown sa réimse a bhaineann le meicníochtaí athlonta a chainníochtú agus conairí hidrigeolaíochta i gcomhair staidéir dobharcheantair a shainaithint. D'oibrigh an Dr Brown mar chomhairleoir san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach agus comhairle á tabhairt aige ar chúrsaí hidrigeolaíochta d'fhorbairtí bóithre, soláthar screamhuisce, hidrigeolaíocht turlaigh, saincheantar a chuireann le héiceachórais talún a chinneadh agus bainistíocht uiscíoch. Ón mbliain 2000 i leith tá an Dr Brown ina speisialtóir i hidrigeolaíocht an bhonneagair línigh agus tá sé ina chomhúdar ar Threoirlínte (2009) de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta (NRA) maidir le Níosanna Imeachta chun Geolaíocht, Hidreolaíocht, agus Hidrigeolaíocht a mheas agus a láimhseáil i gcomhair Scéimeanna Bóithre Náisiúnta. Gerry Baker, BA (Onór.), MSc, Uachtarán ar an International Association of Hydrogeologists (Grúpa na hÉireann), PGeo EurGeol, Arup – Hidrigeolaíocht Hidrigeolaí Comhlach é Gerry Baker le Arup a bhfuil 23 bliain de thaithí chomhairliúcháin aige ag obair ar thionscadail in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus san Afraic fho-Shahárach. Tá MSc ag Gerry i mBainistíocht Inbhuanaithe na Timpeallachta Uisce (Newcastle-upon-Tyne 2001) agus BA Mod. Geog. (TCD 2000). Tá Gerry ina chomhalta gairmiúil (PGeo & EurGeol) d'Institiúid Geolaithe na hÉireann (IGI) agus Cónaidhm Eorpach Geolaithe (EFG), faoi seach ó 2009 agus tá sé ina chomhalta den Chumann Idirnáisiúnta Hidreolaithe (IAH) a raibh sé mar Uachtarán de Ghrúpa na hÉireann ó (2020-2024).

Ábhar	An Príomhúdar – Sonraí Inniúlachta
	Is iad príomhréimsí saineolais Gerry samhaltú screamhuisce (coincheapúil, anailíseach, uimhriúil, truaileán), saintréithriú bonnline ar thimpeallachtaí hidrigeolaíochta, measúnú riosca hidrigeolaíochta, dearadh agus cur i bhfeidhm faireachán screamhuisce, dearadh soláthar tobar screamhuisce agus tástálacha caidéalaithe, hidrigeolaíocht uirbeach, hidrigeolaíocht talamh portaigh, éici-hidrigeolaíocht, dearadh agus cur i bhfeidhm dí-uisciú, hidrigeolaíocht charstach, hidrigeolaíocht mianaigh, tuile screamhuisce agus measúnú ar shrutha chuig screamhuisce. An Dr Alison Orr PhD MSc BSc, Arup - Hidrigeolaíocht Is hidrigeolaí í an Dr Alison Orr a bhfuil trí bliana de thaithí aici mar chomhairleoir ar thionscadail in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Bhí sí ag obair ar fhorbairtí bóithre agus Meitreo, scéimeanna faoisimh tuile, talamh éillithe, soláthar screamhuisce, córais teasa ó fhoinsé talún agus saincheantair soláthair do ghrúpscéimeanna uisce a chinneadh. Sula ndeachaigh sí i mbun obair chomhairleoireachta chríochnaigh sí PhD ar chinníúint agus iompar niotráite i suíomhanna éagsúla hidrigeolaíochta ar fud oileán na hÉireann. D’ullmhaigh an Dr Les Brown Caibidil 10 den TMTT nuashonraithe le cúnamh ón Dr Alison Orr agus Gerry Baker.
Caibidil 11 Hidreolaíocht	Tony Cawley BE M Eng Sc CEng MIEI, Hydro Ltd – Hidreolaíocht Bhain Anthony Cawley céim onóracha amach san Innealtóireacht Shibhialta ó ÓE Gaillimh in 1987 agus iarchéim mháistreachta sa Hidreolaíocht Innealtóireachta ó ÓE Gaillimh in 1990. Is Innealtóir Sibhialta Cairte é a bhfuil oideachas speisialaithe air agus 34 bliain de thaithí ghairmiúil chomhairleoireachta aige i réimse na hinnealtóireachta uisce i raon leathan gníomhaíochtaí a bhaineann le hidreolaíocht, hidrigeolaíocht agus tuilte, agus maidir le measúnú hidridinimiciúil agus hiodrálach a dhéanamh ar phróisis aibhneacha agus taoide. Sa tréimhse sin bhí sé páirteach i mbreis agus 200 measúnacht tuile agus samhaltú cósta. Tá breis agus 100 staidéar maidir le measúnacht ar phriacal tuile déanta ag an Uasal Cawley ar aibhneacha, inbhir, agus ceantair chósta ar fud na hÉireann. I measc na staidéir seo bhí idir mheasúnachtaí de chineál scoipeála agus mheasúnachtaí mionsonraithe lenar ghabh toisí hidriméadracha, suirbhé ar chainéal abhann, samhaltú hiodrálach agus mapáil ar bhá tuile. Tá Tony tar éis a bheith ina fhinné shaineolach rathúil ag an éisteacht ó bhéal maidir leis na comhpháirteanna hidreolaíochta, hidrigeolaíochta, geolaíochta agus ithreacha den MTT do mhórán scéimeanna bóithre agus bonneagair le 21 bliain anuas lena n-áirítear an M6, M20/M21, N23 agus athfhorbairt Bhóthar Lansdún. Chomh maith leis sin, áirithíodh é mar chomhairleoir shaineolach ag an mBord Pleanála do na tionscadail do Thairseach Dhugaí Bhaile Átha Cliath agus do Bháisín Alexandra maidir le tuile agus próisis hidridinimiciúla agus tá taithí aige ar na riachtanais a bhaineann le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus MC. Bhí an tUasal Cawley ina Shaineolaí Hidreolaíochta ar son BSL a bhí rannpháirteach in imeachtaí Cúirte maidir le Tuile na Laoi i mí na Samhna 2009, Coláiste na hOllscoile Corcaigh i gcoinne BSL. Bhí an tUasal Cawley ina léachtóir le hidreolaíocht agus hiodrálaice ag Roinn na hHidreolaíochta agus na hInnealtóireachta Sibhialta ag OÉ Gaillimh agus faoi láthair tá sé ina léachtóir le Hidreolaíocht in Ollscoil Luimnigh (2011 go dtí seo). Tá cúrsaí oiliúna sa Hidreolaíocht curtha ar fáil ag an Uasal Cawley do Bhoird Iascaigh an Iarthair agus an Iar-Thuaiscirt agus d’Innealtóirí Éireann, d’oifig deartha Iarnród Éireann agus don Oifig um Dhearadh Bóithre Náisiúnta (NRDO). D’ullmhaigh Tony Cawley Caibidil 11 den Tuarascáil MTT nuashonraithe.
Caibidil 12 Tírdhreach agus Amharc	Thomas Burns B Agr. Sc. Dip. EIA Mgmt MILI EFLA, Brady Shipman Martin – Tírdhreach agus Amharc Is Comhpháirtí agus pleanálaí tírdhreacha le Brady Shipman Martin é Thomas Burns. Chuaigh Thomas le Brady Shipman Martin mar Ailtire Tírdhreacha tar éis dó céim a bhaint amach ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath in 1989. Rinne Thomas Dioplóma Iarchéime i

Ábhar	An Príomhúdar – Sonraí Inniúlachta
	Measúnacht Tionchair Timpeallachta i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath freisin in 1994 agus ceapadh mar Chomhlach sa Chleachtas é in 1997. Rinneadh Comhpháirtí de Thomas in 2002. Tá cúlra láidir ag Thomas i gceisteanna a bhaineann leis an gcomhshaol, leis an tírdhreach agus le pleanáil, lena n-áirítear measúnú agus máistirphleanáil. Le breis agus 26 bliain anuas, tá Thomas rannpháirteach i máistirphleanáil, pleanáil, measúnacht comhshaoil agus tógáil i gcás réimse leathan tionscadal agus mar chuid den rannpháirtíocht sin, tá fianaise shaineolach tugtha aige go rialta ag éisteachtaí pleanála agus ag fiosrúcháin phoiblí eile. Bhí baint dhíreach ag Thomas leis na measúnachtaí comhshaoil agus tírdhreacha agus leis na measúnachtaí súl i gcás mórán de na príomhthionscadail náisiúnta bonneagair, lena n-áirítear breis agus 750km den chlár náisiúnta bóithre, lena n-áirítear Scéim Mhótarbhealach an M20 ó Chorcaigh go Luimneach agus Acomhal Bhaile Osbeirn ar an M7 agus Scéim Sheachbhóthar na Sollán ar an R407, Saoráid Ghás Nádúrtha Leachtaithe (LNG) na Sionainne, Críochfort Gáis na Coiribe, Críochfort T2 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus tionscadal an DART Faoi Thalamh i mBaile Átha Cliath. De bharr a chuid taithí ar Bhóithre Náisiúnta, choimisiúnaigh BIÉ Thomas chun Treoirlínte a dhréachtú i gcomhair Ionramháil Tírdhreacha ar Bhóithre Náisiúnta in Éirinn. Tá a chuid taithí maidir le pleanáil comhshaoil agus tírdhreacha curtha i bhfeidhm ag Thomas ar thionscadail amhail an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta do phleananna agus do chlár reachtúla éagsúla, lena n-áirítear Plean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019, IOSEA 5 na Roinne Comhshaoil, chomh maith le bheith ar an mórfhoireann tionscadail a rinne an Mheasúnacht Timpeallachta ar Fhómhar Bia 2020. Tá Thomas ina bhall gníomhach d’Institiúid Tírdhreacha Éireann (ILI), áit a raibh sé ina chathaoirleach ar an gCoiste Cleachtais Ghairmiúil ó bunaíodh é in 1995 go dtí 2011. Chomh maith leis sin, bhí Thomas ina Ionadaí ILI ar Chomhairle na Fondúireachta Eorpaí um Ailtireacht Tírdhreacha ó 1997 go dtí 2000. D’ullmhaigh Thomas Burns Caibidil 12 den TMTT nuashonraithe.
Caibidil 13 Seandálaíocht, Oidhreacht Ailtireachta agus Chultúrtha	Faith Bailey MA BA MCIFA, IAC Seandálaíocht – Seandálaíocht, Oidhreacht Ailtireachta agus Chultúrtha Is Seandálaí Sinsearach agus Sainchomhairleoir Oidhreachta Cultúrtha i Faith Bailey le IAC Ltd. Tá MA i mBainistíocht Tírdhreacha Cultúrtha (seandálaíocht agus an oidhreacht thógtha) aici chomh maith le BA i seandálaíocht onóra aonair ó Ollscoil na Breataine Bige, Lampeter. Tá sí ina ball den CIfA agus tá breis agus 19 mbliana de thaithí aici san earnáil. Bhí Faith freagrach as líon mór measúnachtaí deisce, suirbhéanna, MTT, máistirphleananna, Pleananna Ceantair Áitiúil/Measúnachtaí Straitéiseacha Timpeallachta agus pleananna bainistíochta i réimse na seandálaíochta agus na hoidhreachta tógtha a tháirgeadh agus a sheachadadh a raibh baint acu leis na hearnálacha forbartha go léir sa Phoblacht agus i dTuaisceart Éireann. San áireamh sna MTT seandálaíochta agus ailtireachta do scéimeanna bóithre mórsála tá, Acomhal Bhaile Osbeirn ar an M7 agus Scéim Sheachbhóthar na Sollán ar an R407, Seachbhóthar Inis Córthaidh ar an N11 i gContae Loch Garman agus Seachbhóthar Bhaile Bhuirne-Maigh Chromtha ar an N22 i gContae Chorcaí. De bharr an mhíneolais atá aici ar na córais phleanála agus ar an reachtaíocht oidhreachta i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann agus an caidreamh oibre den scoth atá aici le cliaint agus le húdaráis reachtúla, tá sí ar dhuine de na comhairleoirí seandálaíochta agus oidhreachta cultúrtha is mó taithí atá ag feidhmiú laistigh den earnáil faoi láthair. D’ullmhaigh Faith Bailey Caibidil 13 den TMTT nuashonraithe.
Caibidil 14 Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta	Con Curtin, Curtin Agricultural Consultants Ltd – Sócmhainní Ábhartha Talmhaíocht Is comhairleoir talmhaíochta é Con Curtin a bhfuil bunchéim onóracha aige in Eolaíocht Talmhaíochta ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, (1987), Teastas Leibhéal 6 i nDraenáil Talún Talmhaíochta (a bhronn Teagasc in 2016) agus tá 30 bliain de thaithí aige ag obair in earnáil na comhairleoireachta

Ábhar	An Príomhúdar – Sonraí Inniúlachta
	talmhaíochta. Tá trí bliana caite aige ag obair le ADAS (Seirbhís Forbartha agus Comhairleoireachta Talmhaíochta) sa Ríocht Aontaithe mar chomhairleoir talmhaíochta agus ó 1990 i leith mar chomhairleoir talmhaíochta in Éirinn. Bhunaigh sé a chuideachta féin, Curtin Agricultural Advisers Ltd, in 1996. Roinneann an tUasal Curtin a chuid ama idir obair a bhaineann le comhairleoireacht ghinearálta a chur ar fáil dá chliaint ar feirmeoirí iad (déirí, muca, mairteoil, caoirigh agus eachaí) agus Tuarascálacha ar Úsáid Talún / ar Thionchar Timpeallachta Talmhaíochta d’innealtóirí comhairleacha. Tá Tuarascálacha maidir le hÚsáid Talún / Tionchar Talmhaíochta i gcomhair forbairtí líneacha amhail scéimeanna iarnróid, línte leictreachais lastuas, agus mórscéimeanna bóithre (15 san iomlán ó 1998 i leith) lena n-áirítear, Scéim Mhótarbhealach an M20 ó Chorcaigh go Luimneach (80 km); an N22 ó Baile Bhuirne go Maigh Chromtha (25km), an M7 ó Bhaile an Chaisleáin go dtí an tAonach (40km), Seachbhóthar Ros Mhic Triúin ar an N25 (13.5km); Seachbhóthar Phort Láirge ar an N25 (40km), agus an N6 Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe (21km – iarratas pleanála in 2006). Tá tuarascálacha ullmhaithe aige maidir le sriantaí agus roghnú bealaigh agus chuir sé fianaise ó bhéal i láthair ag éisteachtaí ó bhéal i gás fhormhór na dtionscadail bóithre sin. D’ullmhaigh sé an Tuarascáil ar Thionchar Úsáid Talún don Fhorbairt Idirnáise 400kv Thuaidh-Theas (140km) i gContaetha na Mí, an Chabháin, Mhuineacháin, Ard Mhacha agus Thír Eoghain. Tá measúnachtaí i dtaca le damáiste talún curtha i gcrích aige do Bhord Gáis ar feadh píblinte gáis i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann agus cuireann sé comhairle ar fáil maidir le ceisteanna draenála. Michael Sadlier, EVC - Eachaí Bhain Michael Sadlier céim amach mar thréidlia ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath in 1983. Ó shin i leith, d’oibrigh sé mar thréidlia ar fud an domhain, agus tá saineolas aige i dtréidliacht agus i máinliacht eachaí. Chomh maith leis sin, tá líon mór cáilíochtaí iarchéime bainte amach aige - teastas i dTréidliacht Graí Eachaí ó Choláiste Ríoga na dTréidlianna in 1989, comhaltas trí scrúdú i gColáiste na nEolaithe Tréidliachta i Máinliacht Eachaí na hAstráile in 1992 agus bhain sé Teastas i Máinliacht Eachaí ó Choláiste Ríoga na dTréidlianna amach in ortaipéidic Eachaí in 1995 Faoi láthair tá sé ina Chomhpháirtí in Ospidéal Tréidliachta Ilionad ar an gCurrach i gContae Chill Dara, ina bhfuil Seisear Comhpháirtithe. Fostaítear 13 thréidlia eile ann chomh maith le 22 bhall foirne tacaíochta. Cuireann an cleachtas áis tagartha ar fáil do thír na hÉireann ar fad agus is ionad barr feabhais é a bhfuil aitheantas domhanda aige. Faoi láthair, is comhalta tofa ar Chomhairle Tréidlianna na hÉireann é, an comhlacht rialála reachtúil don ghairm in Éirinn. Ba é ionadaí na hÉireann é ar Chomhairle Náisiúnta Chumann Tréidlianna Eachaí na Breataine le hocht mbliana anuas. Is iarchathaoirleach ar Choiste Eachaí Tréidlianna Éireann é, an comhlacht ionadaíoch don ghairm in Éirinn. Ina theannta sin, bhí sé ar Bhord Stiúrthóirí Tréidlianna Éireann agus ar Bhord Gobharnóirí Ionad Eachaí na hÉireann. Labhraíonn sé go rialta ag cruinnithe tréidliachta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá tuairim shaineolach maidir le tréidliacht eachaí curtha ar fáil ag Michael Sadlier do BIÉ faoi na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag na scéimeanna bóithre seo a leanas (an M8, M17, N4, N11, N18, N22, N30, N60 agus an N61) ar réadmhaoin eachaí roghnaithe. Tá tuairim shaineolach maidir le tréidliacht eachaí curtha ar fáil aige freisin d’Iarnród Éireann (an fhorbairt iarnróid atá beartaithe ón Uaimh go Dún Búinne), Bord Gáis (an Phíblíne Gháis ón mBán Loiscthe go dtí an tOileán Mór) agus Eirgrid (an tIdirnascaire Thuaidh-Theas agus an Líne 400kv idir Corcaigh agus Cill Dara) faoi na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag na tionscadail sin ar mhórán réadmhaoine eachaí feadh na mbealach a bhí beartaithe. Tá measúnacht déanta freisin aige ar na héifeachtaí a bheadh ag an loisceoir atá beartaithe ag College Proteins san Obair i gContae na Mí ar na gabhálaí eachaí atá timpeall air. D’ullmhaigh Con Curtin Caibidil 14 den TMTT nuashonraithe le cabhair ó Michael Sadlier.
Caibidil 15 Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta	Eileen McCarthy BE (Onór.) MIEI CEng, MICE CEng, PE (SAM), Arup agus Mary Hurley BE (Onór.) MIEI CEng, Arup Féach thuas Craig Bullock, Sainchomhairleoir Optimize – Réadmhaoin Tráchtála

Ábhar	An Príomhúdar – Sonraí Inniúlachta
	Craig Bullock in Eacnamaíocht Chomhshaoil agus Acmhainní (COBÁC, 2004) agus Dioplóma i Measúnacht Tionchair Timpeallachta (UCD, 2001). Tá breis agus 50 páipéar piarmheasúnaithe ar bheartas comhshaoil/eacnamaíocht agus ar shocheacnamaíocht scríofa aige. Tá breis agus 23 bliain de thaithí ag Craig Bullock ag obair i réimse na measúnachta tionchair timpeallachta (Daoine agus measúnacht Shóisialta/Shocheacnamaíochta) agus tá breis agus 30 bliain de thaithí aige i réimsí na hanailíse ar bheartas comhshaoil, eacnamaíocht chomhshaoil agus socheacnamaíocht. Déanann sé bainistíocht ar a shainchomhairleoireacht féin www.optimize.ie a cláraíodh in 1999 agus chomh maith leis sin bhí sé ina chomhalta taighde páirtaimseartha i Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Pholasáí Comhshaoil sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ó 2001 i leith. Le linn an ama sin, d'oibrigh sé ar bhreis agus 60 measúnacht tionchair timpeallachta ar thionscadail bóithre, iompar poiblí, maolú tuile, cóireáil dramhuisce, baint móna, forbairt chónaitheach agus óstán. San áireamh sa taithí sin bhí tionscadail mhórsála amhail forbairt an DART Faoi Thalamh, LUAS Fhionnghlas agus scéim mhótarbhealach an M20. Ghlíomhaigh sé mar fhinné saineolach do mhórán de na tionscadail sin. Michael Saddlier – Eachaí Féach thuas Rinne Eileen McCarthy agus Mary Hurley maoirseacht ar ullmhú Chaibidil 15 den Tuarascáil MTT le cúnamh ón Dr Craig Bullock maidir le measúnacht réadmhaoine tráchtála agus ó Michael Saddlier maidir le Ráschúrsa na Gaillimhe.
Caibidil 16 Cáilíocht an Aeir	Sinead Whyte MSc CMIWEM, Arup – Cáilíocht an Aeir Tá breis agus 27 bliain de thaithí ag Sinead Whyte mar Shainchomhairleoir Comhshaoil. Tá MSc san fhisic thurgnamhach aici agus is Comhalta Cairte í leis an Institiúid um Bainistíocht Uisce agus Comhshaoil. Tá mórán Measúnachtaí Tionchair maidir le Chaigheán an Aeir agus an Aeráid ullmhaithe aici i gcomhair forbairtí bonneagair lena n-áirítear an DART Faoi Thalamh, Mótarbhealach an M20 ó Chorcaigh go Luimneach, Acomhal Bhaile Osbeirn ar an M7 agus Seachbhóthar na Sollán ar an R407, agus an N9/N10 ó Chill Chuilinn go Baile an Phaoraigh. Chuir sí fianaise ó fhinné saineolach i láthair ag éisteachtaí ó bhéal an Bhoird Pleanála maidir leis na forbairtí sin. D’ullmhaigh Sinead Whyte Caibidil 16 den TMTT nuashonraithe.
Caibidil 17 Aeráid	Sinead Whyte MSc CMIWEM, Arup – Aeráid Féach thuas D’ullmhaigh Sinead Whyte Caibidil 17 den TMTT nuashonraithe.
Caibidil 18 Torann agus Creathadh	Jennifer Harmon BSc- AWN Consulting Limited – Torann agus Creathadh Is Sainchomhairleoir Fuaime Sinsearach í Jennifer Harmon ag AWN Consulting. Tá sí ag obair mar shainchomhairleoir ó 2000 i leith agus tá sí ina speisialtóir fuaimeolaíochta ó 2001 i leith. Tá BSc aici san Eolaíocht Chomhshaoil, Dioplóma san Fhuaimeolaíocht agus i Laghdú Torainn agus tá sí ina comhalta iomlán den Institiúid Fuaimeolaíochta (IOA). Tá taithí fhorleathan ag Jennifer i réimse na measúnachta tionchair timpeallachta i dtaca le torann agus creathadh, innealtóireacht laghdaithe fuaime agus fuaimeolaíocht foirgnimh agus seomra. D’ullmhaigh Jennifear measúnachtaí tionchair i dtaca le torann agus creathadh do réimse leathan tionscadal iompair ar fud na hÉireann lena n-áirítear scéimeanna bóithre nua, tionscadail athailínithe agus uasghrádaithe bóithre, tionscadail um iarnróid éadroma agus throma agus torann aeir ar thaobh na talún. San áireamh sa taithí atá aici i measúnacht tionchair i dtaca le torann ó thrácht bóthair tá staidéir bhonnlíne fhorleathana, samhlacha mionsonraithe maidir le torann iompair, dearadh maolaithe torainn agus measúnachtaí tionchair tógála.

Ábhar	An Príomhúdar – Sonraí Inniúlachta
	D’ullmhaigh Jennifer Harmon Caibidil 18 den TMTT nuashonraithe.
Caibidil 19 Daoine, Daonra agus Sláinte an Duine	An Dr Craig Bullock, Sainchomhairleoir Optimize - Measúnacht Shocheacnamaíochta Féach thuas Measúnacht Sláinte An Dr Martin Hogan, Corporate Ltd, T/A Corporate Health Ireland– Sláinte Is dochtúir leighis é an Dr Martin Hogan, atá cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis mar Speisialtóir i Míochaine Shaothair ó 1997 i leith. Tá 26 bliain de thaithí aige ag measúnú na dtionchar a bheidh ag forbairtí atá beartaithe ar Shláinte an Duine agus bhí páirt aige i mórán Ráitis Tionchar Timpeallachta. Thug sé fianaise i mbreis agus 20 Éisteacht ó Bhéal lena n-áirítear bonneagar iompair amhail forbairt bóithre, iarnród agus aerfort, chomh maith le bainistíocht draomhaíola lena n-áirítear líonadh talún agus loisceoirí. I measc na sainréimsí a bhfuil spéis aige iontu tá Míochaine Shaothair i dtionscal na Cógaisíochta agus na gCeimiceán chomh maith le Míochaine Chomhshaoil. Is léachtóir le Tocsaineolaíocht é i gColáiste na hOllscoile Corcaigh. Is Iarstiúrthóir Náisiúnta Speisialtachta ar Mhíochaine Shaothair in Éirinn agus Iardhéan ar Dhámh na Míochaine Saothair i gColáiste Ríoga Lianna na hÉireann é. Tá sé ina Uachtarán ar an gCoiste Eagraithe don Choimisiún Idirnáisiúnta ar Mhíochaine Shaothair (ICOH) 2018 agus tá sé ina chomhalta de Bhord ICOH. John Cronin BA, John Cronin & Associates – An Ghaeilge Is sainchomhairleoir é John Cronin maidir le hoidhreacht chultúrtha agus caomhnú a bhfuil breis agus 30 bliain de thaithí iarchéime aige san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Tá B.A. sa Seandálaíocht agus sa Tíreolaíocht aige ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh agus bronnadh iarchéimeanna sa phleanáil agus sa chaomhnú ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath air. Ó chuaigh sé i mbun cleachtas príobháideach in 2000, tá sé ina speisialtóir maidir le measúnacht a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag forbairt ar acmhainní oidhreachta cultúrtha agus bhí sé mar shainchomhairleoir ag an gComhairle Oidhreachta, Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta agus Fáilte Éireann. Tá measúnachtaí oidhreachta cultúrtha ullmhaithe ag an Uasal Cronin i gcomhair measúnachtaí tionchair timpeallachta ar fud na hÉireann (i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann). Ó 2006 i leith, tá measúnachtaí tionchair teanga ullmhaithe ag John Cronin & Associates do thionscadail forbartha iomadúla laistigh de cheantair Ghaeltachta. I measc na measúnachtaí ar díol suntais iad tá: • Forbairt Sheachbhóthar Mhaigh Cuilinn ar an N59 i gContae na Gaillimhe • An N6 Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe • Forbairt Tithíochta, Baile na Buaille, Daingean Uí Chúis, Contae Chiarraí. • Forbairt Turasóireachta, Cloghan Lodge, Bealach Féich, Contae Dhún na nGall. • Forbairt cónaithe, Ráth Ciaráin, An Gleann, Baile an Sceilg, Contae Chiarraí D’ullmhaigh an Dr Craig Bullock agus Martin Hogan araon Caibidil 19 den Tuarascáil MTT nuashonraithe le cúnamh ó John Cronin ar an nGaeilge.
Caibidil 20 Bainistíocht Acmhainne agus Dramhaíola	Janet Lynch BEng (Onór.), MIEI MCIWM

Ábhar	An Príomhúdar – Sonraí Inniúlachta
	Is Comhlach í Janet Lynch le Arup a bhfuil breis agus 20 bliain de thaithí aici i dtaca le bainistiú acmhainní agus dramhaíola, an geilleagar ciorclach, MTT agus ceadúnú astaíochtaí tionsclaíocha. Áirítear ar a taithí Pleananna Bainistithe Acmhainní agus Dramhaíola, pleananna bainistithe dramhaíola tógála agus oibríochtúla, Ráitis um an nGeilleagar Ciorclach, Athúsáid dramhaíola agus staidéir athchúrsála san innealtóireacht, Bainistíocht tionscadal Pleanála agus MTT (fuinneamh, athnuaiteáin, tionsclaíoch, bonneagar); Iarratais ar Cheadúnais agus Athbhreithniú maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (IE) (dramhaíl, bithmhais, ola agus gás, fuinneamh, stroighin, cógaisíocht); Áirítear ar thaithí roimhe seo Fuinneamh Inmharthana Éireann, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Arup London. Tá Janet ina cathaoirleach ar Choiste Teicniúil NSAI maidir leis an nGeilleagar Ciorclach in Earnáil na Tógála. Tá céim onóracha ag Janet in Innealtóireacht Shibhialta agus Chomhshaoil ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh agus Teastas FETAC i mBainistíocht Saoráide Dramhaíola. Is Comhalta Cairte d’Institiúid Innealtóirí na hÉireann (CEng) agus comhalta Cairte den Institiúid Chairte um Bainistíocht Dramhaíola (CIWM) í. Simon Grennan BA (Mod.), MSc, Arup – Bainistíocht Acmhainne agus Dramhaíola Tá Simon Grennan ina Chomhairleoir Comhshaoil Sinsearach le Arup agus tá 10 mbliana taithí aige san earnáil chomhshaoil. Tá MSc ag Simon sna hEolaíochtaí Comhshaoil ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá raon leathan taithí ag Simon i réimse an chomhshaoil, le taithí ar leith ar chomhordú agus ullmhú MTT agus obair chomhairliúcháin um bainistiú dramhaíola. Tá taithí shuntasach ag Simon ag obair ar phleananna bainistithe acmhainní agus dramhaíola tógála agus scartála, pleananna bainistithe dramhaíola oibriúcháin agus caibidlí um bainistiú acmhainní agus dramhaíola TMTT do thionscadail feadh raon earnálacha. Áirítear ar thionscadail shamplacha TMTT DART+ an Chósta Thuaidh, TMTT Dhroichead Coisithe agus Rothaithe an N25 an tOileán Beag, TMTT IDL leathnú dhrioglan Midleton agus TMTT Cheathrú Guinness. Rinne Janet Lynch maoirseacht ar ullmhú Chaibidil 20 den TMTT nuashonraithe.
Caibidil 21 Mórhionóiscí, Idirghaolmhaireachtaí, Idirghníomhaíochtaí, agus Tionchair Charnacha	Eileen McCarthy BE (Onór.) MIEI CEng, MICE CEng, PE (SAM), Arup agus Mary Hurley BE (Onór.) MIEI CEng, Arup Féach thuas Rinne Eileen McCarthy agus Mary Hurley maoirseacht ar ullmhú Chaibidil 21 den TMTT nuashonraithe.
Caibidil 22 Achoimre ar Bhearta Maolaithe agus ar Thionchair Iarmharacha	Eileen McCarthy BE (Onór.) MIEI CEng, MICE CEng, PE (SAM), Arup agus Mary Hurley BE (Onór.) MIEI CEng, Arup Féach thuas Rinne Eileen McCarthy agus Mary Hurley maoirseacht ar ullmhú Chaibidil 22 den TMTT nuashonraithe.
Caibidil 23 Sceideal na dTiomantas Comhshaoil	Eileen McCarthy BE (Onór.) MIEI CEng, MICE CEng, PE (SAM), Arup agus Mary Hurley BE (Onór.) MIEI CEng, Arup Féach thuas Rinne Eileen McCarthy agus Mary Hurley maoirseacht ar ullmhú Chaibidil 23 den TMTT nuashonraithe.

1.2.6 Scóipeáil TMTT

Próiseas is ea “Scóipeáil” ina ndéantar an fhaisnéis ba chóir a bheith in TMTT a chinneadh chomh maith leis na modhanna ba chóir a úsáid chun an fhaisnéis sin a bhailiú agus a mheas¹⁴. Rinneadh scóipeáil neamhfhoirmiúil maidir le TMTT ar Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (CCNG) chun inneachar chomh maith le fairsinge na n-ábhar ba chóir a chumhdach san fhaisnéis chomhshaoil a bheidh san áireamh in TMTT 2018 a chinneadh. Mar chuid den phróiseas scóipeála neamhreachtúil i dtaca le TMTT 2018, eisíodh tuarascáil scóipeála chuig na comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla iomchuí go léir a ndeachthas i gcomhairle leo. Tá siad siúd a ndeachthas i gcomhairle leo san áireamh i gCuid 1.4 den TMTT nuashonraithe seo. Rinneadh athbhreithniú ar na ráitis a fuarthas le linn na céime comhairliúcháin sin agus an próiseas éisteachta ó bhéal ina dhiaidh sin agus breithníodh iad agus an TMTT nuashonraithe seo á hullmhú. Breithníodh freisin comhairliúcháin ar tugadh fúthu i ndiaidh tharchur iarratais Alt 51 chuig ABP agus an TMTT nuashonraithe seo á hullmhú.

1.2.7 Treoirlínte an EPA agus treoirlínte eile

Ullmhaíodh an TMTT nuashonraithe seo agus aird chuí á tabhairt ar na treoirlínte maidir le hullmhú tuarascálacha ar mheasúnachtaí tionchair timpeallachta a d’fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Tá siad sin le fáil in:

- Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Assessment Reports Bealtaine 2022, EPA
- Nótaí Faisnéise ar an gCleachtas Reatha (maidir le Ráitis Tionchair Timpeallachta a ullmhú), 2003, EPA

Thairis sin, ullmhaíodh an TMTT nuashonraithe agus aird chuí á tabhairt orthu seo a leanas, a bhfuil siad uile fós ábhartha inniu don TMTT nuashonraithe seo:

- An tAontas Eorpach (2013) Treoir maidir le hAthrú Aeráide agus Bithéagsúlacht a Chomhtháthú le Measúnacht Tionchair Timpeallachta
- An Coimisiún Eorpach (2017) Treoir maidir le hullmhú Tuarascáil Measúnacht Tionchair Timpeallachta (Treoir 2011/92/AE arna leasú ag 2014/52/AE)
- An Coimisiún Eorpach (2012) Léiriú a mhol an Coimisiún i dtaca le cur i bhfeidhm Threoir an MTT maidir le hoibreacha coimhdeacha/gaolmhara
- An Coimisiún Eorpach (2006) Soiléiriú maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(3) de Threoir an MTT
- Treoirlínte ón gCoimisiún Eorpach (1999) maidir le Measúnacht ar Thionchair Indíreacha agus Charnacha chomh maith le hIdirghníomhaíochtaí Tionchair
- Bonneagar Iompair Éireann (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta roimhe seo) (2008) Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar Scéimeanna Bóithre Náisiúnta – Treoir Phraiticiúil
- Pleanáil Comhshaoil TII le haghaidh Tionscadail Bóithre agus Glasbhealaí Náisiúnta (TII, 2023)

1.3 Cúlra

Tugtar cuid den chúlra a bhaineann leis an N6 GCRR atá beartaithe sa chuid seo. Tugtar forléargas i gCuid 1.3.1 ar an N6 Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe ar tionscadal níos luaithe ab ea é maidir le seachbhóthar ar Chathair na Gaillimhe a chuaigh tríd an bpróiseas pleanála in 2006. Tugtar breac-chuntas i gCuid 1.3.2 ar an bhforbairt ar an réiteach iompair chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna tromchúiseacha tráchta atá le sárú ag Cathair na Gaillimhe agus ag Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG).

1.3.1 An N6 Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe

Forbraíodh an N6 Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe, scéim níos sine, roimhe seo agus cuireadh faoi bhráid An Bhoird Pleanála (ABP) é lena cheadú ar an 1 Nollaig 2006. Tugtar breac-chuntas gearr ar an stair a bhaineann leis thíos.

Ceapadh sainchomhairleoirí in 1999 chun staidéir féidearthachta, roghnú bealaigh agus dearadh agus pleanáil a dhéanamh don N6 Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe. Cuireadh an scéim a tháinig chun cinn dá mbarr sin lena n-áirítear an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) agus an Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT) faoi bhráid an Bhoird Pleanála (ABP) ar an 1 Nollaig 2006. San áireamh sa scéim sin bhí 21.4km de bhóithre príomhlíne, 9km de bhóithre ceangail, aomhail ghaolmhara agus mórdhroichead trasna Abhainn na Gaillimhe. Tagraítear don scéim seo mar an N6 Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe (2006) agus leis an acrainm GCOB, an t-acrainm a bhí uirthi in 2006, ar fud na tuarascála seo.

Ar an 28 Samhain 2008, thug ABP a chinneadh maidir le GCOB 2006. Mheas ABP gur cuid riachtanach den ghréasán iompair straitéisigh a bunaíodh do cheantar na Gaillimhe ba ea an gá a bhí le Seachbhóthar thart ar Chathair na Gaillimhe a nascadh an N6 atá ann faoi láthair le Bóthar an Chósta an R336.

Cheadaigh ABP an chuid oirthearach den scéim, an chuid ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 chomh fada soir leis an N6 atá ann faoi láthair, agus an dá aomhal ag Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus ag an N6 atá ann faoi láthair san áireamh. Sa chinneadh a rinne sé, luaigh ABP an breithniú a rinne sé ar na sonraí ar fad a cuireadh faoina bhráid agus thug sé cead mar gur mheas sé gur réiteach iomchuí a bheadh san fhorbairt bóthair a bhí á ceadú ar riachtanais aitheanta tráchta na cathrach agus an cheantair máguaird. Luaigh ABP go mbeadh tionchar logánta an-dian i gceist do Limistéar um Chaomhnú Speisialta Féideartha (cSAC) Loch Coirib¹⁵.

Mar sin féin, ó tharla go mbeadh cuid den GCOB 2006 a bhí beartaithe ag dul trí Phortach Thóin na Brocaí atá:

- Mar chuid de Limistéar Oidhreachtá Nádúrtha (NHA) Phortaigh Mhaigh Cuilinn
- Ina bhrathphortach gníomhach atá liostaithe mar ghnáthóg thosaíochta in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach
- Mar láthair ina bhfuil líon ceannbhán caol ar speiceas é atá faoi chosaint dlí agus atá leochaileach

Ní raibh ABP sásta nach mbeadh an chuid seo den GCOB 2006 a bhí beartaithe, idir Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59, agus Bóthar an Chósta an R336, dochrach do chaomhnú ghnáthóg Phortach Thóin na Brocaí agus nach bhféadfaí na drochéifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol a sheachaint nó nach bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach níos fearr dá roghnófaí bealach eile¹⁰, agus dá bhrí sin mheas ABP go mbeadh an chuid seo den GCOB 2006 a bhí beartaithe contrártha leis an bpleanáil a bhí beartaithe d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair.

Rinne tríú páirtí iarratas chuig an Ard-Chúirt ag lorg cead imeachtaí i leith athbhreithniú breithiúnach a eisiúint i gcoinne chinneadh ABP a cheadaigh an chuid oirthearach de GCOB 2006 faoi Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE), arna leasú. Ba é an bonn a bhí leis an iarratas ar athbhreithniú go ndearna ABP earráid ina léirmhíniú ar an Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE), arna leasú, nuair a tháinig sé ar an gconclúid nach drochéifeacht ar shláine na láithreach a bheadh san éifeacht a bheadh ag scéim bóthair GCOB 2006 ar láthair ainmnithe cSAC Loch Coirib.

Rinne an Ard-Chúirt athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh ABP. Sheas cinneadh na hArd-Chúirte an 9 Deireadh Fómhair 2009 leis an gcinneadh a rinne ABP an chuid oirthearach de GCOB 2006 a cheadú. Ar an 6 Samhain 2009, tugadh cead don tríú páirtí achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Uachtarach i gcoinne chinneadh na hArd-Chúirte den 9 Deireadh Fómhair 2009. Lorg an Chúirt Uachtarach tuairim ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) maidir le léirmhíniú ar an Treoir maidir le Gnáthóga.

¹⁵ Tagair do chinneadh ABP 07.ER.3056

Soláthraíodh tuairim CBAE ar an 11 Aibreán 2013 (Cás C-258/11). Thángthas ar chonclúid sa tuairim maidir le dhá phointe shuntasacha:

1. Bheadh drochéifeacht ag GCOB 2006 ar shláine cSAC Loch Coirib mar go dtabharfaí 1.47ha de phábháil aolchloiche chun bealaigh (cineál gnáthóige ar roghnaíodh an cSAC di)
2. Ó tharla go mbeadh drochéifeacht ag GCOB 2006 ar shláine an cSAC ní fhéadfaí an tionscadal a bhí beartaithe a údarú faoi Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga. Ní fhéadfaí í a údarú ach amháin faoi Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga

Cás C-258/11) go mbeadh drochéifeacht ag cailteanas limistéar réasúnta beag de ghnáthóg Tosaíochta Iarscibhinn I, ar shláine cSAC Loch Coirib nuair is gnáthóg í ar roghnaíodh cSAC Loch Coirib di agus nach mór go mbeadh feidhm ag Airteagal 6(4) maidir le toiliú leis an tionscadal.

6 (4) “*Más rud é, ainneoin measúnacht dhiúltach ar na himpleachtaí don láthair agus in éagmais roghanna eile mar réiteach, nach mór, mar sin féin, plean nó tionscadal a chur i gcrích ar chúiseanna riachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, lena n-áirítear iad siúd de chineál sóisialach nó eacnamaíochta, déanfaidh an Ballstát gach beart cúitimh lena áirithiú go ndéanfar comhtháthú foriomlán Natura 2000 a chosaint. Cuirfidh sé na bearta cúitimh a glacadh in iúl don Choimisiún*”.

Tar éis di an tuairim ó CBAE a fháil, chuir an Chúirt Uachtarach ar neamhní an cinneadh a bhí déanta ag ABP roimhe sin an chuid oirthearach de GCOB 2006 a cheadú faoi Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga, arna leasú.

De bharr gurbh é cinneadh na Cúirte Uachtaraí nach bhféadfaí GCOB 2006 a cheadú faoi Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga, ba é an chéad bheart eile a bhféadfaí dul ina mhuinín chun cead pleanála a fháil an tionscadal a chur chun cinn faoi Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga. Tugadh faoi deara gur shonraigh ABP ina chinneadh maidir le GCOB 2006 go raibh sé deimhnithe go raibh gá le seachbhóthar thart ar Chathair na Gaillimhe a nascadh príomhbhóthar náisiúnta an M6/N6 ag an nGarrán le bóthar réigiúnach an chósta, an R336, mar chuid riachtanach den ghréasán iompair straitéisigh do cheantar na Gaillimhe agus tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na ceanglais in Airteagal 6(4), cinneadh an obair a bhí déanta go dtí sin a athmheas lena chinntiú go raibh imscrúdú déanta ar gach rogha féideartha eile sula rachfaí ar aghaidh faoi Airteagal 6(4). Dá bhrí sin, b'éigean an próiseas maidir le réiteach iompair a fhorbairt do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird a atosú as an nua ag Céim 1, céim na féidearthachta agus an choincheapa, lena chinntiú go ndearnadh imscrúdú iomlán ar na roghanna féideartha eile.

Tá sonraí maidir le tuilleadh breithnithe ar an N6 Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe (2006) i gCaibidil 4, Roghanna eile a Breithníodh, den TMTT nuashonraithe seo.

1.3.2 Réiteach Iompair a Fhorbairt do Ghaillimh

Breithníodh an gá atá le réiteach iompair ag an leibhéal réigiúnach ó thaobh an fheidhm straitéiseach a shásamh, agus ag an leibhéal áitiúil araon ó thaobh réiteach iompair lánpháirtithe a sholáthar don chathair agus don cheantar máguaird. Dá bhrí sin, bhí rogha leathan páirtithe leasmhara gníomhach i bhforbairt an réitigh iompair, agus bhí páirt lárnach acu uilig i bhforbairt na físe, ach níos tábhachtaí fós, bhí páirt lárnach acu ar deireadh thiar chun an réiteach a sheachadadh freisin.

D'oibrigh Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Bonneagar Iompair Éireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) i gcomhar maidir le fis iompair a fhorbairt do Ghaillimh áit a mbeadh gach gné den iompar ag oibriú le chéile chun réiteach comhtháite inbhuanaithe a bhaint amach. Déantar achoimre sa chuid seo ar fhorbairt na físe iompair sin, a bhfuil an N6 GCRR atá beartaithe mar chuid di.

Tagraíonn Tionscadal Iompair Chathair na Gaillimhe (GCTP) an N6 do na chéad staidéir a rinneadh maidir leis an réiteach iompair i nGaillimh. Is é Clár Bainistíochta Tráchta Comhtháite na Gaillimhe (ITMP) an straitéis iompair a d'fhorbair Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhar leis an NTA comhthreomhar le GCTP agus a dtagraítear dó anois mar Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG). Cuireadh na spriocanna a leagtar síos in Taisteal níos Cliste san áireamh in SIG agus féachadh leis na spriocanna sin a bhaint amach inti. Ailíníonn sé freisin leis an gCreat Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn (CNIIE) 2021, an Beartas Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe 2022 agus an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe (2022-2025).

Is é an N6 GCRR atá beartaithe an chomhpháirt bhóthair den réiteach iompair a shainaitheann in GCTP an N6 agus an cuarbhóthar a shainaitheann in SIG atá mar ábhar sa TMTT nuashonraithe seo. Deimhníonn sé sin gur dearadh an N6 GCRR atá beartaithe i gcomhréir le spriocanna na soghluasteachta inbhuanaithe agus leis na beartaí atá liostaithe thuas.

1.3.2.1 Tionscadal Iompair Chathair na Gaillimhe an N6

Rinneadh na chéad staidéir don réiteach iompair seo mar chuid de Thionscadal Iompair Chathair na Gaillimhe an N6 (GCTP) idir 2014 agus 2015. Aithníodh i GCTP an N6 go bhfuil fadhb iompair ag Gaillimh agus deimhníodh ann go bhfuil gá mór le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna maidir le hiompar atá roimh an gcathair agus na ceantair máguaird faoi láthair, agus chun tacú le forbairt amach anseo trí straitéis fhadtéarmach a bhunú i gcomhair iompair chuig an gcathair, laistigh di agus timpeall uirthi. Deimhníodh sna staidéir a rinneadh do GCTP an N6 go bhfuil sé indéanta trasbhealach droichid nua a chur ar Abhainn na Gaillimhe agus sainaitheann an láthair roghnaithe don trasbhealach sin. Tagraítear anois don fhorbairt bóthair atá beartaithe agus a chuimsíonn an trasbhealach droichid seo mar Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe agus is é is ábhar d'Iarratas Alt 51.

Cuirtear tuilleadh sonraí faoi na staidéir (amhail srianta agus forbairt roghanna) a rinneadh mar chuid de GCTP an N6 ar fáil i gCaibidil 4, Roghanna eile a Breithníodh den TMTT nuashonraithe seo.

1.3.2.2 Straitéis Iompair na Gaillimhe

I gcomhráth le GCTP an N6, d'fhorbair Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe, i gcomhpháirt leis an NTA straitéis iompair fhoriomlán do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird a chríochnaigh mar Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) a chuireann creat cur chun feidhme soiléir i dtaca le hiompar ar fáil do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird ar feadh 20 bliain (2016 go 2036). Tá sé mar chuspóir ag SIG aghaidh a thabhairt ar na riachtanais reatha agus na riachtanais a bheidh ann amach anseo maidir le hiompar don chathair agus don cheantar máguaird, a chuimsíonn an chathair agus nascacht na cathrach leis na bailte agus leis na sráidbhailte timpeall uirthi, lena n-áirítear Bearna, Órán Mór, Maigh Cuilinn agus Baile Chláir.

Chuathas i mbun comhairliúcháin leis na príomhpháirtithe leasmhara agus leis an bpobal chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na straitéise seo. Thacaigh comhaltaí tofa na gComhairlí Cathrach agus Contae leis an straitéis ina dhiaidh sin agus tá sí mar chuid de Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe (2023 go 2029) agus de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe (2022 go 2028).

Cuireadh measúnacht ar na roghanna iompair do gach modh san áireamh in SIG, agus dearbhaíodh an gá straitéiseach a bhí le cuarbhóthar timpeall lár na cathrach agus trasbhealach nua trasna Abhainn na Gaillimhe, chun an leibhéal seirbhíse a theastaíonn do gach modh iompair a chur chun feidhme, lena n-áirítear siúl, rothaíocht, iompar poiblí agus feithiclí príobháideacha.


Tá ceithre cinn de thrasbhealaigh ar Abhainn na Gaillimhe faoi láthair agus tá gach droichead ag a lánacmhainn faoi láthair. Tá sé beartaithe ag SIG ceann de na trasbhealaí sin a chur ar fáil i gcomhair iompar poiblí amháin mar chuid de Nasc Traschathrach BusConnects ar dheonaigh an Bord Pleanála cead dó an 2 Deireadh Fómhair 2024, (atá faoi réir dúshláin ó Athbhreithniú Breithiúnach), agus iallach a chur ar thrácht dul ar mhalairt slí chuig Droichead na gCúig Chéad. Dá bhrí sin, tá trasbhealach breise ar Abhainn na Gaillimhe ag teastáil go géar chun an cuarbhealach a chur chun feidhme go héifeachtach. Tá an trasbhealach breise ar Abhainn na Gaillimhe á chur chun cinn mar chuid den N6 GCRR atá beartaithe.

Tá sé mar sprioc ag SIG trácht mótar neamhriachtanach a thógáil amach as ceantar chroílár na cathrach (i.e. trácht atá ag taisteal trí lár na cathrach agus a bhfuil a thúsphointe agus a cheann scríbe taobh amuigh de lár na cathrach). Déanfar é sin a bhaint amach trí úsáid a bhaint as cumasc de bhealaí timpeall ar lár na cathrach (ar a dtugtar 'Gréasán Rochtana Lár na Cathrach' a bhfuil dath dubh air i bPláta 1.1), and tabharfar tosaíocht do mhodhanna eile laistigh de cheantar chroílár na cathrach tríd an 'Nasc Traschathrach' (a bhfuil dath gorm air ar Pláta 1.1), conair bheartaithe trí cheantar chroílár na cathrach a thabharfaidh ardleibhéal tosaíochta do shiúl, rothaíocht agus iompar poiblí seachas do thrácht carranna príobháideacha. (Téigh chuig Caibidil 3, An Gá atá leis an Tionscadal chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le SIG).



Pláta 1.1 Gréasán Rochtana Lár na Cathrach

Déanfar spás bóthair a athdháileadh i gceantar chroílár na cathrach laistigh de Ghréasán Rochtana Lár na Cathrach chun tosaíocht a thabhairt d'iompar poiblí agus do mhodhanna gníomhacha. Dá réir sin, éascófar feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí feadh chonair an Naisc Traschathrach, ach chuige sin tá gá le hathruithe ar ghluaiseachtaí carranna príobháideach laistigh de lár na cathrach chun é sin a éascú. Tá teacht i gcónaí ar lár na cathrach, ach ní thugtar tosaíocht a thuilleadh do charranna príobháideacha sa cheantar seo ná do thrácht a bhíonn ag gluaiseacht tríd. Is fearr a mhínítear é seo go grafach i bPláta 1.2 thíos.



Pláta 1.2 Coincheap an Naisc Traschathrach

Mar thoradh ar rochtain ar lár na cathrach a chosc nó a theorannú laistigh de Ghréasán Rochtana Lár na Cathrach, éascófar aistriú córa iompair sa chroícheantar agus chomh maith leis sin bogfar an trácht amach chuig an gcuarbhealach, is é sin an N6 GCRR atá beartaithe. Is próiseas seicheamhach atá ann: tarlaíonn aistriú córa iompair, agus bogtar trácht neamh-chroíláir amach chuig an gcuarbhealach. Dá bhrí sin, tá an N6 GCRR atá beartaithe, an fhorbairt is ábhar d'Iarratas Alt 51, mar chomhpháirt riachtanach de Straitéis Iompair na Gaillimhe chun an réiteach iompair is fearr a sholáthar do Ghaillimh.

Chun an t-aistriú córa iompair is mó a bhaint amach, táthar ag brath ar thógáil an N6 GCRR atá beartaithe (tagair do Chaibidil 6, Measúnú Trácht agus Trasghearradh an Bhealaigh). Léirítear sa samhltú iompair nuashonraithe gur féidir le bearta eile in SIG tairbhí a thabhairt sa ghearrthearma. Ach léirítear sa samhltú nuashonraithe a thugann uimhreacha trácht nuashonraithe, sonraí daonáirimh agus an réamhaisnéis de réir NPF go bhfuil gá leis an N6 GCRR atá beartaithe chun oibriocht optamach a chumasú ar an líonra iompair iomlán, lena n-áirítear na córais iompair phoiblí. Tá an N6 GCRR atá beartaithe ag teastáil chun

saincheisteanna iompair i nGaillimh a réiteach, rud atá riachtanach chun Gaillimh a chumasú le freastal ar na réamhaisnéisí daonra in SIG i bhfoirm dhlúth san fhadtéarma. (Téigh chuig Caibidil 3, An Gá atá leis an Tionscadal chun tuilleadh sonraí a fháil maidir leis an ngá atá leis an N6 GCRR atá beartaithe).

Ó cuireadh an éisteacht ó bhéal i gcrích, foilsíodh Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 agus 2024 ina bhfuil sonraí níos mine ar an méid a theastaíonn i dtéarmaí bearta bainistíochta éilimh chun ár spriocanna gníomhaithe ar son na haeráide a bhaint amach. Déantar measúnú i gCaibidil 6 den TMTT nuashonraithe seo ar na himpleachtaí a bhainfeadh leis an líon iomlán beart bainistíochta éilimh sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus SIG iomlán i bhfeidhm lena n-áirítear an N6 GCRR beartaithe.

Ina thuarascáil dar dáta an 22 Meitheamh 2021, thug Cigire an Bhoird Pleanála a chúiseanna agus a bhreithnithe le fios maidir le cead a dheonú don N6 GCRR atá beartaithe inar tugadh le fios go bhfuil

“an scéim comhdhéanta de phríomhghné iompair do Straitéis Iompair na Gaillimhe”

agus

“Go tábhachtach, ba é sin tuairim Chigire neamhspleách an Bhoird Pleanála, agus breithniú déanta go mion ar sholáthar iarnróid éadroim mar mhalairt leis an N6 GCRR atá beartaithe tar éis fianaise a chloisteáil ó go leor daoine ar son an N6 GCRR atá beartaithe agus ina choinne.”

agus

“Tá mé den tuairim gur léiríodh go bhfuil gá soiléir agus práinneach leis an FBB agus de thoradh na saincheisteanna atá ag Cathair na Gaillimhe ina mbíonn brú tráchta, moill agus droch-shaintréithe turais gan ghá. Ina theannta sin, tá sé tuartha go mairfidh an brú tráchta agus an mhoill sin agus go n-éireoidh siad níos measa gan aon idirghabháil mhór. Léiríodh go soiléir freisin go n-éascódh an fhorbairt atá beartaithe an chathair agus lárionaid sráidbhaile a fhuascailt agus dá réir sin go gcumasófaí tionscadail eile a sainaithníodh chun a spriocanna d’athrú córa iompair a bhaint amach.”

Ba é sin tuairim Chigire an Bhoird Pleanála, agus breithniú déanta go mion ar an ngá leis an N6 GCRR atá beartaithe tar éis fianaise a chloisteáil ó go leor daoine ar son an N6 GCRR atá beartaithe agus ina choinne.

1.4 Próiseas Comhairliúcháin / Comhairliúchán Neamhreachtúil

Mar a leagtar amach in TMTT 2018, rinneadh comhairliúchán leathan trí sheisiúin eolais phoiblí agus chuathas i mbun cainte le príomhpháirtithe leasmhara, le comhlachtaí reachtúla iomchuí, le húinéirí maoine, le heagraíochtaí áitiúla agus le soláthróirí fónais/seirbhíse le linn na gcéimeanna a bhain le srianta agus roghnú bealaigh, leis an gcéim dearaidh agus le linn an MTT agus próisis reachtúla. Leanadh leis an gcomhairliúchán sin le linn na héisteachta ó bhéal in 2020 agus moladh in 2023 é a chur leis an TMTT nuashonraithe seo. Rinneadh athbhreithniú ar na comhairliúcháin uile ar tugadh fúthu go dtí sin agus cuireadh san áireamh iad sa TMTT nuashonraithe seo.

1.4.1 Comhairliúcháin ó 2018

Nuair a cuireadh an N6 GCRR beartaithe faoi bhráid an Bhoird Pleanála (ABP) i mí Dheireadh Fómhair 2018 mar chuid den iarratas le faomhadh de bhun Alt 51 d’Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú), cuireadh na húinéirí maoine uile ar an eolas. Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe an doiciméadacht a cuireadh faoi bhráid ABP lena cheadú ar taispeáint go poiblí ar feadh tréimhse ocht seachtaine agus rinneadh aighneachtaí chuig ABP. Tugadh freagra ar na haighneachtaí le linn na héisteachta ó bhéal in 2020.

Mar a leagadh amach i gCaibidil 8 den TMTT nuashonraithe, rinneadh comhairliúchán fairsing leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) ó 2018. I mí Eanáir 2020, chuir NPWS breithniú isteach i ndáil leis an N6 GCRR beartais, an fhorbairt is ábhar don iarratas ar chead faoi Alt 51 d’Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú) (“Iarratas Alt 51”). Reáchtáladh cruinnithe le linn na héisteachta ó bhéal i mí an Mhárta 2020 le NPWS chun a n-aighneacht a phlé. Feic Caibidil 8 den TMTT nuashonraithe seo chun sonraí breise a fháil maidir leis an gcomhairliúchán sin.

Reáchtáladh cruinniú i mí an Mhárta 2023 le NPWS i ndáil le suirbhé bonnlíne ialtóg 2018 agus moladh scóip na suirbhéanna do shéasúr suirbhé 2023 agus aon cheanglais don Iarratas ar Cheadúnas do Mhaolú

Ialtóg. Reáchtáladh cruinniú breise le NPWS i mí an Mhárta 2024 chun torthaí na suirbhéanna ialtóg a phlé agus dréacht an Iarratais ar Cheadúnas do Mhaolú Ialtóg a phlé.

Cheadaigh an NPWS ceadúnas an 10 Aibreán 2024 (féach Aguisín A.8.25 Cuid 1 den TMTT nuashonraithe), ach chuaigh an ceadúnas sin in éag an 31 Nollaig 2024 agus cuireadh iarratas ar cheadúnas nua maolaithe ialtóg faoi bhráid an NPWS an 1 Aibreán 2025 (san áireamh in Aguisín A.8.25 Cuid 2 den TMTT nuashonraithe). Foilsítear na ceadúnais maolaithe arna ndeonú ag an NPWS, in éineacht leis an iarratas agus aon doiciméadacht tacaíochta, ar a suíomh gréasáin ar

<https://www.npws.ie/licensesandconsents/disturbance/application-for-derogation/bat-derogations-issued>.

Tabhair faoi deara, beidh ABP in ann a fheiceáil nuair a dheonófar an Ceadúnas Maolaithe Ialtóg, agus cóip a fháil den cheadúnas deiridh a dheonófar, ach cliceáil ar an nasc seo.

Cuireadh gach úinéir réadmhaoine ar an eolas arís in 2021 maidir le cinneadh ABP chun cead a thabhairt don N6 GCRR atá beartaithe agus arís in 2022 nuair a tharchuir an Ard-Chúirt an t-iarratas ar ais chuig ABP i gcomhair tuilleadh breithniúcháin.

Chuathas i gcomhairle arís in 2024 leis na soláthraithe fónais a leanas chun athbhreithniú a dhéanamh ar choimhlíntí féideartha idir an Tionscadal agus a mbonneagar lena chinntiú gur cuireadh aon bhearta maolaithe riachtanacha, lena n-áirítear atreoruithe, san áireamh i gCaibidil 15 den TMTT nuashonraithe seo. Níl aon athrú ábhartha a bheadh ina chúis le bearta maolaithe breise nó atreoruithe ón méid a cuireadh i láthair in TMTT 2018.

- Comhairle Chontae na Gaillimhe – An Rannóg Seirbhísí Uisce i gcomhair Draenála agus Bóithre agus Iompar An Rannóg Tráchtá
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe – An Rannóg Seirbhísí Uisce i gcomhair Draenála agus Bóithre agus Iompar An Rannóg Tráchtá
- Uisce Éireann – Príomhphíobán Uisce, Séarach Bréan
- Éir
- Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) (Líonraí BSL)
- Líonraí Gáis Éireann – Tarchur agus Dáileadh
- E-Net
- SSE Airtricity
- Virgin Media
- BT Ireland
- Three Networks Ireland
- Vodafone

1.4.2 Comhairliúcháin roimh 2018

Reáchtáladh na comhairliúcháin a leanas idir 2014 agus 2018 le bheith mar bhuntaca le TMTT 2018. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú de réir mar ba ghá ar thorthaí an chomhairliúcháin sin le bheith mar bhuntaca faoin TMTT nuashonraithe seo. I measc na bpríomhpháirtithe leasmhara bhí:

- An Bord Pleanála
- Comhairle Chontae na Gaillimhe
 - An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
 - Stiúrthóir Seirbhísí do Phleanáil, IR, Pobal, Fiontraíocht agus Forbairt Eacnamaíoch
 - Stiúrthóir Seirbhísí do Sheirbhísí Uisce agus Comhshaoil

- Stiúrthóir Seirbhísí do Bhóithre, Iompar, Seirbhísí Muirí agus Ginearálta
- Stiúrthóir Seirbhísí do Thithíocht, Seirbhísí Corparáideacha agus Éigeandála
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe
 - An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
 - An Stiúrthóir Seirbhísí do Phleanáil agus Iompar
 - An Stiúrthóir Seirbhísí d’Airgeadas, Aonad Seirbhísí Bainistíochta agus Seirbhísí Uisce
 - An Stiúrthóir Seirbhísí d’Fhorbairt Eacnamaíoch, Pobal agus Cultúr, Seirbhísí Corparáideacha, TFC agus Acmhainní Daonna
 - An Stiúrthóir Seirbhísí do Thithíocht agus Cuimsiú Sóisialta, Comhshaol agus Caitheamh Aimsire agus Taitneamhachta
- An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (ar a dtugtar an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil anois agus gnóthaí pobail agus tuaithe mar roinn nua)
- An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (ar a dtugtar an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide anois)
- An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (ar a dtugtar an tAire Iompair anois)
- An tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (ar a dtugtar an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta anois)
- Rannóg Iarratais Forbartha na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- Údarás Réigiúnach an Iarthair
- Iarnród Éireann
- Córas Iompair Éireann
- Bus Éireann
- City Direct
- Calafort na Gaillimhe
- Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ)
- An Chomhairle Ealaíon
- Fáilte Éireann
- An Taisce
- An Chomhairle Oidhreachta
- Uiscebhealaí Éireann
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Oifig na nOibreacha Poiblí

- Caomhnú Ialtóg Éireann
- Cairde Éanlaith Éireann
- An Grúpa Éireannach um Staidéar ar Éin Chreiche
- Cumann Seoirseach na hÉireann
- Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
- Cumann Tráchtála Mheiriceá
- Cumann Tráchtála na Gaillimhe
- Iascaigh Intíre Éireann
- Cumann Uiscebhealaí Intíre na hÉireann
- Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann
- Met Éireann
- Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
- Iontaobhas Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann
- Ard-Mhúsaem na hÉireann
- Ollscoil na Gaillimhe
- Bord Forbartha Cathrach na Gaillimhe
- Bord Forbartha Chontae na Gaillimhe
- Uisce Éireann

1.4.3 Comhairliúchán Poiblí roimh TMTT 2018

Mar a leagtar amach in TMTT 2018, réachtáladh ceithre sheisiún eolais phoiblí mar chuid de shainaithint na conaire tosaíochta don N6 GCRR atá beartaithe agus faoina dhearadh de réir mar a chuaigh sé chun cinn. Seo a leanas na seisiúin sin agus déantar iad a phlé tuilleadh thíos:

- Comhairliúchán Poiblí Uimh. 1 mar chuid den Staidéar maidir le Srianata i mí Iúil 2014 thar dhá lá
- Comhairliúchán Poiblí Uimh. 2 mar chuid den Fhorbairt Roghanna in Eanáir/Feabhra 2015 thar cheithre lá
- Taispeántas Poiblí Uimh. 3 den Rogha Bealaigh is Fearr a bhí ag Teacht Chun Cinn do Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe an N6 i mí na Bealtaine/an Mheithimh 2015 thar dhá lá. Bhí Straitéis Iompair na Gaillimhe mar chuid den chomhairliúchán sin freisin
- Taispeántas Poiblí Uimh. 4 den Dearadh de Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe an N6 i mí na Samhna 2016

Chuir an t-aiseolas a fuarthas ó na comhairliúcháin phoiblí sin bonn eolais faoin staidéar srianata agus faoi fhorbairt na roghanna bealaigh agus dearadh an bhealaigh is dealraithí a roghnófar nuair a roghnaíodh é sin. Mar thoradh ar an eolas áitiúil a fuarthas ag an gcomhairliúchán poiblí agus trí aighneachtaí a fuarthas aithníodh srianata nua agus chuir sin bonn eolais faoi fhorbairt na roghanna bealaigh agus faoi roghnú na conaire bealaigh is dealraithí a roghnófar (EPRC). Chomh maith leis sin, d'atreisigh sé na fadhbanna tráchta atá i nGaillimh agus sna ceantair máguaird agus an gá atá le réiteach iompair comhtháite a bheadh ilmhódach. Ag leanúint uaidh sin, rinneadh staidéar comhthreomhar ar iompar poiblí agus ar bhearta maidir le soghluaisteacht chliste a raibh Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) mar thoradh air. Fuarthas tuiscint níos fearr ar an tábhacht a bhaineann le Sráidbhaile Mhionlaigh agus ar fhairsinge na bpobal feadh limistéar an staidéir tar éis dul i gcomhairle leis an bpobal. Rinne na comhairliúcháin leis an bpobal atreisiú freisin ar na srianata suntasacha atá ann a chuireann srian le forbairt bóthair nua agus cé, ar an drochuair, nárbh fhéidir

cuid de na tionchair shuntasacha a sheachaint cuireadh roinnt athruithe dearfacha i bhfeidhm sa dearadh. Ina measc sin tá an straitéis acomhail i gCeantar Bhearna, agus cosán an Aifrinn a choinneáil sa Pháirc Mhór; feabhas tírdhreacha agus amhairc lena n-áirítear an N6 GCRR atá beartaithe a íslíú ó thardhroichead go dtí acomhal comhréidh ag Bóthar na Ceapaí agus athrú ó thardhroichead ag Bóthar Uí Eidhin sa Chaisleán Gearr go dtí gearradh go comhréidh; Acomhal Leitrí ar an N59 a athrú níos faide siar agus leasú a dhéanamh ar Acomhal Chúil Each. Ina theannta sin, cuimsíodh ‘claífoirt ghlasa threisithe’ sa dearadh in ionad ballaí coinneála coincreíte áit a bhfuil an N6 GCRR atá beartaithe gar do thithe cónaithe. Tá cur síos mion ar na feabhsuithe sin agus ar fheabhsuithe eile a cuireadh ar an dearadh tar éis aiseolas a fháil ó chomhairliúcháin phoiblí i gCaibidil 4, Roghanna eile a Breithníodh.

1.4.3.1 Comhairliúchán Poiblí Uimh. 1 – Srianata

Mar chuid den Staidéar Srianata, reáchtáladh seisiúin chomhairliúcháin phoiblí ar an Luan an 14 Iúil 2014 in Óstán Westwood, sa Daingean ó 10.00am go dtí 9.00pm agus ar an Máirt an 15 Iúil 2014 in Óstán Pillo, Bóthar Áth Cinn ó 10.00am go dtí 9.00pm.

Taispeánadh na chéad torthaí ón staidéar srianata don phobal ag na seisiúin chomhairliúcháin. Is é a bhí mar aidhm leis sin aiseolas a fháil ón bpobal agus faisnéis a bheadh thar a bheith luachmhar a fháil ón eolas áitiúil a bhí acu ar shrianata go mb’fhéidir go ndearnadh dearmad orthu.

Bhí ionadaithe ó Arup agus ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe i láthair chun an t-ábhar a bhí ar taispeáint a mhíniú mar chabhair don phobal. Shínigh breis agus 100 duine an clár tinrimh.

Is é seo a leanas an príomh-aiseolas a tháinig ón gcomhairliúchán poiblí sin:

1. Ba chóir go sínfeadh limistéar an staidéir níos faide siar agus níos faide ó thuaidh
2. Léiríodh inní maidir leis na srianata ar thailte atá suite le hais bhóthar an N6 Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe (2006)
3. Go raibh gá le trasbhealach nua ar Abhainn na Gaillimhe agus nár chóir go mbeadh drochéifeacht ag an droichead nua seo ar loingseoireacht ar Abhainn na Gaillimhe
4. Tarraingíodh aird ar cheisteanna tráchta agus plódaithe reatha, lena n-áirítear easnaimh sa ghréasán iompair phoiblí atá ann faoi láthair. Is gá minicíochtaí bus, bealaigh agus bonneagar a fheabhsú
5. Soláthar do nasc leis an R336 ar an taobh thiar de Bhearna
6. Tograí maidir le tollánú faoin bpábháil aolchloiche
7. Chuirfeadh soláthar busanna scoile bealach sábháilte taistil ar fáil do pháistí agus laghdódh sé an plódú ag buaicamanna na maidine
8. Aithníodh srianata breise

Tá sonraí iomlána faoin gcomhairliúchán sin agus faoi na haighneachtaí a fuarthas ón bpobal le fáil in Aguisín A.1.1.

1.4.3.2 Comhairliúchán Poiblí Uimh. 2 – Roghanna

Reáchtáladh seisiúin chomhairliúcháin phoiblí ar an gCéadaoin an 28 agus ar an Déardaoin an 29 Eanáir 2015 in Óstán Westwood, an Daingean, ó 2.00pm go dtí 8.00pm agus ar an Máirt an 3 Feabhra agus ar an gCéadaoin an 4 Feabhra 2015 in Óstán Menlo Park ó 2.00pm go dtí 8pm. Shínigh breis agus 1,450 duine an clár tinrimh thar na ceithre lá a raibh na seisiúin chomhairliúcháin phoiblí ar siúl.

Bhí na seisiúin sin mar chuid den phróiseas chun rogha a roghnú. Cuireadh clár ag doiciméadú na roghanna a scrúdaíodh go dtí sin agus an fhéidearthacht a bhain leo ar taispeáint, chomh maith leis na roghanna réitithe a bhí beartaithe a chuimsigh iompar poiblí, taisteal níos cliste agus comhpháirteanna bótharbhunaithe. Chomh maith leis sin, cuireadh léarscáileanna a thaispeáin réitigh bhótharbhunaithe in éineacht leis na srianata a bailíodh le linn Chéim na Srianata. Bhí ionadaithe ó Arup agus ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar fáil le linn na seisiún chun ceisteanna a fhreagairt agus chun an t-ábhar a bhí ar taispeáint a mhíniú. Bhí sé mar aidhm leis na seisiúin chomhairliúcháin phoiblí aiseolas agus moltaí a fháil ón bpobal maidir leis na réitigh a bhí beartaithe. Fáiltíodh roimh aighneachtaí ón bpobal maidir le moltaí faoi athruithe a d’fhéadfaí a

dhéanamh ar na roghanna a cuireadh i láthair, nó faisnéis bhreise faoi thuilleadh srianta, agus go mb'fhéidir nár cuireadh san áireamh iad ag Céim na Srianta, le linn na seisiún comhairliúcháin agus ina dhiaidh sin chomh maith, suas go dtí an 6 Márta 2015.

Tionóladh cruinnithe aonair le húinéirí talún, páirtithe leasmhara, úinéirí gnólachtaí agus cónaitheoirí laistigh de cheantar staidéir na scéime sna seachtainí i ndiaidh an chomhairliúcháin fhoirmiúil. Tionóladh iad sin ar iarratas ó na daoine príobháideacha agus ullmhaíodh líníochtaí do gach aon duine acu chun a thaispeáint cé chomh gar agus a bhí a gcuid maoine do na roghanna a bhain leis an gcomhpháirt bhóthair a bhí beartaithe. Tugadh suntas don aiseolas ó na cruinnithe agus ó na haighneachtaí sin agus seoladh aon srianta breise ar aghaidh chuig an bhfoireann dearaidh iomlán lena n-áirítear na speisialtóirí comhshaoil chun go gcuirfidís san áireamh ina gcuid measúnachta iad.

Is é seo a leanas an príomh-aiseolas a tháinig ón gcomhairliúchán poiblí sin:

- Gur leagadh tábhacht níos mó ar chosaint gnáthóga comhshaoil ná mar a leagadh ar chosaint daoine
- An fhéidearthacht a bhain le dul siar chuig scéim GCOB 2006
- Na tionchair a bheadh ag scartáil ar thithe cónaithe agus ar ghnólachtaí
- An tionchar ar an gcomhshaoil, truailliú ó thorann agus truailliú aeir
- An tionchar ar phobail agus ar an oidhreacht chultúrtha a bhaineann le mórán bailte fearainn m.sh. Mionlach, an Caisleán Gearr, Cúil Each, an Daingean/Páirc na Sceach, Cnoc na Cathrach agus Bearna
- An tionchar ar shaoráidí áineasa amhail saoráidí áineasa OÉG
- Sláinte agus Sábháilteacht páistí bunscoile i ngar do na bealaí atá beartaithe
- An tionchar ar ghnólachtaí tráchtála agus ar gheilleagar áitiúil na Gaillimhe
- Iompar poiblí níos fearr agus soghluaisteacht níos cliste a chur chun feidhme

Tá sonraí iomlána faoin gcomhairliúchán sin agus faoi na haighneachtaí a fuarthas ón bpobal le fáil in Aguisín A.1.2.

1.4.3.3 Taispeántas Poiblí den Chonair Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar

Tionóladh seisiún taispeántas poiblí ar an 25 agus ar an 26 Bealtaine 2015 i dtaca leis an gConair Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar (EPRC) ag dhá ionad i nGaillimh, ceann ar an taobh thiar d'Abhainn na Gaillimhe agus ceann ar an taobh thoir d'Abhainn na Gaillimhe. Bhí sonraí maidir le EPRC agus an próiseas roghnaithe bealaigh ar taispeáint le linn na tréimhse dhá lá agus bhí siad ar fáil ag an oifig tionscadail go dtí deireadh mhí Lúnasa 2015.

Chuaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) i gcomhairle leis an bpobal freisin le linn na tréimhse dhá lá sin maidir le sonraí Chlár Bainistíochta Tráchtá Chomhtháite na Gaillimhe (ITMP) (a dtagraítear dó anois mar SIG). I ndiaidh na seisiún taispeántais, bogadh na cláir taispeántais do ITMP chuig Halla na Cathrach áit a bhféadfaí breithniú neamhchuidithe a dhéanamh orthu.

Bhí an-tairbhe ag baint leis an gcur i láthair comhpháirteach agus leis an gcomhairliúchán maidir leis an réiteach foriomlán agus tugadh deis don phobal an chaoi a dtagann comhpháirteanna an réitigh le chéile chun réiteach iompair foriomlán a sholáthar.

San áireamh san aiseolas ginearálta maidir le comhpháirt an bhóthair den réiteach iompair bhí tráchttaireacht ar na ceisteanna seo a leanas:

1. Gur chóir go mbeadh tosaíocht ag iompar poiblí níos fearr agus soghluaisteacht níos cliste a chur chun feidhme ar scéim bóthair
2. Gur leagadh tábhacht níos mó ar chosaint gnáthóga comhshaoil ná mar a leagadh ar chosaint daoine
3. An fhéidearthacht a bhain le dul siar chuig an N6 Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe (2006) i gCeantar Bhearna

4. Na tionchair a bheadh ag scartáil ar thithe cónaithe agus ar ghnólachtaí
5. An tionchar ar phobail agus ar an oidhreacht chultúrtha a bhaineann le mórán bailte fearainn m.sh. an Caisleán Gearr, Cúil Each, an Daingean/Páirc na Sceach agus Bearna

Bhí gá le tuilleadh atriallta dearaidh chun méid na dtionchar ar phobail chónaitheacha a íoslaghdú agus a mhaolú; bhí an phróiseas sin mar chuid den obair i *gCéim 3 Dearadh*

Tá sonraí iomlána faoin gcomhairliúchán sin agus faoi na haighneachtaí a fuarthas ón bpobal le fáil in Aguisín A.1.3.

1.4.3.4 Taispeántas Poiblí den Dearadh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe

Tionóladh taispeántas poiblí chun uasdátú a sholáthar ar an bhforbairt dearaidh do Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe in Oifigí Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus in oifigí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le linn gnáthuaireanta oibre ó Luan go hAoine ón 14 Samhain go dtí an 2 Nollaig 2016.

I measc an aiseolais ghinearálta ar an dearadh a bhí beartaithe bhí ceisteanna faoi phróiseas pleanála an tionscadail agus iarratais shonracha ó úinéirí talún ar athruithe dearaidh i gcomharsanacht a gcuid maoine chun maolú níos fearr a dhéanamh ar thionchar na forbartha bóthair a bhí beartaithe. Tugtar níos mó sonraí faoi seo i gCaibidil 4, Roghanna eile a Breithníodh.

1.4.3.5 Comhairliúchán poiblí leanúnach

Cruthaíodh suíomh gréasáin don tionscadal agus baineadh leas as chun an pobal a choimeád ar an eolas ag gach céim de réir mar a chuaigh tionscadal an N6 GCRR atá beartaithe chun cinn. Reáchtáladh os cionn 950 cruinniú le húinéirí maoine aonair, lena n-áirítear go leor cuairteanna baile, idir an fhoireann dearaidh agus úinéirí maoine agus chuidigh na comhairliúcháin sin le dearadh an N6 GCRR atá beartaithe agus leis an measúnacht tionchair timpeallachta. Bhí an comhairliúchán sin mar bhuntaca le TMTT 2018.

Fuair na húinéirí talún uile a aithníodh mar úinéirí na dtailte a bhí le gabháil chun tógáil an N6 GCRR atá beartaithe a éascú comhfhreagras i scríbhinn i mí Dheireadh Fómhair 2016, mar aon le cóip den dearadh i dtaca lena gcuid réadmhaoine féin. Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin deiridh, eisíodh cumarsáid i scríbhinn chuig gach úinéir maoine arís i mí na Bealtaine 2018 mar aon le cóip den dearadh deiridh i ndáil lena gcuid maoine agus míniúchán maidir leis na chéad chéimeanna eile.

1.5 Deacrachtaí a Tháinig Chun Cinn le linn an Staidéir

Níor tháinig aon deacrachtaí suntasacha chun cinn nuair a bhí an TMTT nuashonraithe seo á hullmhú. Tugtar mionsonraí maidir le haon teorainneacha teicniúla a bhain le measúnú a dhéanamh ar ghné chomhshaoil sa chaibidil ábhartha den TMTT nuashonraithe seo.

1.6 Tagairtí

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2022) Treoirlínte ar an Eolas le bheith i dTuarascálacha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta.

TII (2023) Pleanáil Comhshaoil le haghaidh Tionscadail Bóithre agus Glasbhealaí Náisiúnta.

Measúnacht Tionchair Timpeallachta ón gCoimisiún Eorpach (2017) ar Thionscadail- Treoir maidir le Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a ullmhú.

An tAontas Eorpach. (2013) *Treoir maidir le hAthrú Aeráide agus Bithéagsúlacht a Chomhtháthú le Measúnacht Tionchair Timpeallachta.*

An Coimisiún Eorpach. (2012) *Léiriú a mhol an Coimisiún i dtaca le cur i bhfeidhm Threoir an MTT maidir le hoibreacha coimhdeacha/gaolmhara.*

An Coimisiún Eorpach. (2006) *Soiléiriú maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(3) de Threoir an MTT.*

An Coimisiún Eorpach. (1999) *Treoirlínte ón gCoimisiún Eorpach maidir le Measúnacht ar Thionchair Indíreacha agus Charnacha chomh maith le hIdirghníomhaíochtaí Tionchair.*

Bonneagar Iompair Éireann. (an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta roimhe seo) (2008) *Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar Scéimeanna Bóithre Náisiúnta – Treoir Phraiticiúil*.

Acht na mBóithre, 1993, arna leasú.